

# Clár

■ Réamhrá – An Comhairleoir Proinsias MacGiollbhraidé, Ard-Mhéara.....	2
■ Brollach – An tUasal Tim Caffrey, Bainisteoir Contae .....	3
■ Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt.....	4
■ Comhaltas na gCoistí Beartas Straitéiseach .....	5
■ Tuarascáil ar oibríocht na gCoistí Beartas Straitéiseacha le linn na bliana 2005 .....	6
■ Príomhfheidhmeanna .....	8
■ Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabhail Bóithre agus um Shábháilteacht ar Bhóithre	9
■ Seirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil .....	11
■ Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála .....	20
■ Airgeadas .....	25
■ Beartais um Fhorbairt Eacnamaíoch, um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúir agus Áineasa .....	36
■ Tuairisc Bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorporáidigh .....	55
■ Táscairí Seirbhíse.....	60

Grianghranfanna – Comhairle Chontae Longfoirt

Cló – Grúpa Cló Turner

Aistriúchán – Ollscoil Bhaile Átha Cliath

Clóbhualte ar Challenger Offset atá saor ó Chlóirín agus Oiriúnach don chomhshaoil

## Réamhrá – An Comhairleoir Proinsias MacGiollbhraidé, Ard-Mhéara



Is mór an pléisiúr domsa, mar Ard-Mhéara Chontae Longfoirt, an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur os bhur gcomhair, Tuarascáil a thugann léargas ar ghníomhaíochtaí iliomaid na Comhairle in 2005.

Sa bhliain atá caite rinneadh dul chun cinn i dtaca le tionscadail bhonneagair bhóithre ach a rabhtas i mbun Bóthar Faoisimh Inmheánach N4 Meathas Troim a thógáil agus rinneadh dul chun cinn i dtaca le pleananna maidir le feabhsúchán a dhéanamh ar an N4 idir Meathas Troim agus Longfoirt agus an N4 idir Longfoirt agus Rúscach agus Seachbhóthar Longfoirt N5.

Rinneadh dul chun cinn chomh maith i dtaca le Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce ach a cuireadh tús le tógáil Scéim Séarachais Chluain dá Ráth in 2005 agus Céim 6 de Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Longfoirt Láir ar tí tosú in 2006.

I measc na réimsí eile ar chóir suntas a thabhairt dóibh tá an leathnú breise a rinneadh ar sheibhísí comhshaoil agus is áthas liom a thuairisciú gurb é Longfort an t-aon chontae in Éirinn a bhfuil rannpháirtíocht ann ó 100% de na meánscoileanna i gClár na Scoileanna Glasa agus ó 90% de na Bunscoileanna.

Is léiriú é an soláthar leanúnach tithíochta sóisialta ar ardchaighdeán ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an gComhairle déileáil le liostaí feithimh tithíochta. In 2005 chomh maith cuireadh tús le dréachtphleananna ceantair do Ghranárd agus don Lios Breac.

Cuireann sé an-áthas orm go ndearna Cumann Forbartha Cheantar Mheathas Troim ionadaíocht ar an gcontae sa Chomórtas Náisiúnta Mórtais Áite. I measc nithe eile a gcuirtear fáilte rompu tá Stáisiún Dóiteáin nua a tógadh i mBaile Uí Mhatháin agus tús a cuireadh le Stáisiún Dóiteáin nua i nGranárd. Is áthas liom chomh maith gur cuireadh clós spraoi ar fáil i nGranárd agus go ndearnadh dul chun cinn nach beag i dtaca le Tionscadal Linn Snámha Longfoirt agus le Tionscadal Leathanbhanda Longfoirt.


Is mian liom buíochas a ghabháil leis an mBainisteoir Contae a chuaigh romham, Michéal Ó Cillín, as an gcúnamh a thug sé dom agus mé ag tosú amach ar mo thréimhse oifige. D'éirigh Michéal as i mí Dheireadh Fómhair 2005 agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dó as an ról lárnach a bhí aige i bhforbairt Longfoirt sna 27 bliana a chaith sé ina Bhainisteoir. Guím sonas na mblianta fada air féin agus ar a bhean Eilish agus é éirithe as oifig.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uas. Ruairi MacToimilín a ghlac cúram an Bhainisteora Contae air féin ar bhonn sealadach agus le foireann na Comhairle as an obair a rinne siad chun a chinntiú gur leanadh ar aghaidh le forbairt Longfoirt. Fáiltím roimh cheapadh an Uas. Tadhg MacCafraidh ina Bhainisteoir Contae ó mhí an Mhárta 2006.

Ar deireadh thiar thall, ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo Leas-Mhéara, an Comhairleoir Labrauis Banáin agus do Bhaill na Comhairle agus do na Coistí éagsúla Beartas Straitéiseach as a dtacaíocht agus cúnamh i rith na bliana. Táim cinnte, ach comhpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach a bheith ann idir an lucht Bainistíochta, an Fhoireann agus na bailí thofa, go gcinnteofar go bhfaighidh muintir Longfoirt seirbhís ar ardchaighdeán ó Chomhairle Contae Longfoirt san am atá romhainn amach.

**Proinsias MacGiollbhraidé**  
An tArd-Mhéara

## Brollach – An tUasal Tadg MacCafraidh, An Bainisteoir Contae



Cuireann sé an-áthas orm mar Bhainisteoir Contae fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2005 Chomhairle Contae Longfoirt. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil deis don Chomhairle an pobal a choinneáil ar an eolas faoi éachtaí agus gníomhaíochtaí na Comhairle sa bhliain a chuaigh thart. Cuireann an Tuarascáil ar chumas na mball tofa agus na foirne athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Comhairle agus pleanáil a dhéanamh d'fheabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

I mí an Mhárta 2006 a chuaigh mé i mbun dualgas mar Bhainisteoir Contae, agus cuireann sé áthas orm aitheantas a thabhairt d'éachtaí iliomaid na Comhairle in 2005, mar a léirítear sa tuarascáil seo agus go háirithe sa ról a bhí aici i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir an Chontae. Is maith is eol dom na dúshláin nach beag atá le sárú ag an gComhairle i ngach réimse dá gníomhaíochtaí. Tá sé ríthábhachtach leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn i dtaca le tionscadail bhonneagair, go háirithe bóithre agus seirbhísí uisce chun caighdeán gach seirbhíse poiblí a fheabhsú agus oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail agus deonacha d'fhonn uilechuimsitheacht shóisialta a bhaint amach agus pobail inmharthana a chothú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Mhéara, an Comhairleoir Proinsias MacGiollbhraidé, leis na baill agus le foireann na Comhairle as an bhfáilte fhiail a cuireadh romham ó ceapadh i mo Bhainisteoir Contae mé. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don té a ghabh romham, an tUas Michéal Ó Cillín, as an stiúradh a rinne sé ar an gComhairle le 27 bliana anuas. Táim ag súil le bheith ag obair leis an bhfoireann agus leis na baill thofa agus sinn ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin atá le sárú againn agus sinn ag cinntiú go leanfaimid ar aghaidh le Longfort a fhorbairt mar áit ar mhaith le daoine cónaí ann, infheistiú ann agus cuairt a thabhairt air.

**Tadg MacCafraidh**  
**An Bainisteoir Contae**  
**Comhairle Contae Longfoirt**

## Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt

### Toghcheantar – Baile Uí Mhatháin



Labrauis Banáin




Padraig dé Beltún



Michéal O Cathaill



Sean Ó'Fearghaile



Aidrian Ó'Feargháill



Barney Steele

### Toghcheantar – Droim Lis



Gearoid Ó Bradaigh




Aodh Mac an Tsoir



Mártin Maoileadaigh

### Toghcheantar – Granárd



Seamus McCumail



Mártin Ó'Feargháill



Proinsias  
MacGiollbhraidé



Máire Ní Giolla  
Bride-Harcán



Padraig  
Ó Raghailigh

### Toghcheantar – Longfort



Seamus de  
Buitler



Donncha Mac  
Gleannáin



Michéal  
MacTiernain




Alan Ó Misteal



Peadar  
Ó Murchu



Michéal  
Mac Cnáimhí



Mairead Uí Nualláin

## Comhaltacht na gCoistí Beartas Straitéiseach

### Beartas Tithíochta & Tógála agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála

An Cathaoirleach	An Comhairleoir Alan Ó Misteal
Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt	An Comhairleoir Máire Ní Giolla Bride-Harcán An Comhairleoir Michéal MacTiernain An Comhairleoir Mártin Maoilleadaigh An Comhairleoir Peadar Ó Murchu An Comhairleoir Padraig Ó Raghailigh
Comhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir James Keogh
Ionadaithe Earnála 1 Forairt/Foirgníocht 3 Pobal & Deonach	Mr. Kevin Hughes, Construction Industry Federation Ms. Helena Doyle, Longford County Network for People with Disabilities Ms. Mary Kennedy, Schizophrenia Ireland (Longford Branch) Ms. Julia Mongan, Longford Traveller Movement

### Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabhail Bóithre agus um Shábháilteacht ar Bhóithre

An Cathaoirleach	An Comhairleoir Aidrian Ó'Feargháill
Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt	An Comhairleoir Labrauis Banáin An Comhairleoir Padraig dé Beltún An Comhairleoir Seamus McCumail An Comhairleoir Aodh Mac an Tsaoir
Comhairle Baile Ghranáird	An Comhairleoir Edward Kelly
Ionadaithe Earnála 1 Tamhlaíocht/Feirmeoireacht 1 Ceardchumann 1 Pobal & Deonach	Mr. Seamus Treacy, Irish Co-Operate Organisation Society Mr. Bernard Nolan, Irish Congress of Trade Unions Mr. Oliver Cassidy, Granard Area Action Group

### Beartais Seirbhísí Uisce agus Chomhshaoil

An Cathaoirleach	An Comhairleoir Máirtín Ó'Feargháill
Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt	An Comhairleoir Gearoid Ó Bradaigh An Comhairleoir Seamus de Buitlier An Comhairleoir Michéal Ó Cathaill An Comhairleoir Mairead Uí Nualláin
Comhairle Baile Ghranáird	An Comhairleoir Carmel Fay
Ionadaithe Earnála 1 Tamhlaíocht/Feirmeoireacht 2 Pobal & Deonach	Mr. Albert Cooney, Irish Farmers Association Mr. Parvez Butt, Newtownforbes Development Ms. Gen Doherty, Irish Countywomen's Association

## Comhaltacht na gCoistí Beartas Straitéiseach

Forbairt Eacnamaíochta, Uirbeach agus Tuaithe, Beartais Chúltúrtha agus Áineasa	
An Cathaoirleach	An Comhairleoir Barney Steele
Comhaltaí de Chomhairle Contae Longfoirt	An Comhairleoir Sean Ó Fearghaile An Comhairleoir Donncha Mac Gleannáin An Comhairleoir Proinsias MacGiollbhraidé An Comhairleoir Michéal Mac Cnáimhí
Comhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir Paul Connell
Ionadaithe Earnála  1 Gnó/Tráchtáil 2 Pobal & Deonach	Mr. Brian Dillon, Longford Chamber of Commerce Mr. Philip Dawson, LD Dance Trust Ltd. Mr. Terry McKenna, Ballinamuck Community Enterprise Ltd.

\* Mr Brian Dillon replaced Mr Noel McKiernan as the Longford Chamber of Commerce Representative in 2006.

## Tuairisc ar Fheidhmiú na gCoistí Beartais Straistéisiigh i rith na bliana 2005

### Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabail Bóithre agus um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tháinig an Coiste Beartas Straitéiseach le chéile trí bhabhta i rith na bliana 2005 agus é mar príomhspríoc aige a chinntiú go gcabhróidh an infheistíocht agus na beartais iompair infrastruchtúrtha le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch Chontae Longfoirt agus go gcaomhnófar agus go bhfeabhsófar áilleacht shainiúil an chontae agus a thimpeallacht.

Ba iad laethanta agus dátaí na gcruinnithe sin:

- Dé Céadaoin, an 6 Aibreán 2005
- Dé Luain, an 27 Meitheamh 2005
- Dé Luain, an 24 Deireadh Fómhair 2005

Is iad na príomhniithe a bhí le plé agus le meas:

1. Príomh-mholtaí an Choiste Athbhreithnithe SPC a mheas.
2. Saincheisteanna a shonrú lena meas ag cruinnithe SPC amach anseo.
3. Tosaíocht a thabhairt do bhóithre náisiúnta agus eile de réir na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach agus na Straitéise Spásúla Náisiúnta.
4. Na Treoirínte um Iarratas ar Theorainneacha Luais Speisialta a mheas.

### Seirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha do Sheirbhísí Uisce agus Comhshaoil le chéile cúig bhabhta i rith 2005. Rinne an S.P.C. measúnú ar na hábhair agus na moltaí seo a leanas:

24 Márta 2005

- Ráiteas Fáilte ón gCathaoirleach
- Baill a chur in aithne
- Athbhreithniú ar Scóip agus ar Ghníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta
- Ráiteas i dtaca le Príomhbheartais, Tosaíochtaí agus Saincheisteanna
- Sceideal na gCruinnithe

### 25 Aibreán 2005

- Cur-i-láthair i dtaca leis an gClár um Fheasacht Comhshaoil 2005
- Dréachtphlean Bainistíochta Dramhaíola 2005
- Dréachtchur-i-láthair i dtaca le Fo-dhlíthe Dramhaíola 2004
- Ráiteas i dtaca le Príomhréimsí Beartais
- Cúnamh Deontais Reilige
- Cuairt ar Chomhairle Contae Longfoirt agus ar áiseanna eile

### 27 Meitheamh 2005

- Dréachtchur-i-láthair i dtaca le Fo-dhlíthe Dramhaíola 2004
- Tuarascáil ó Fhóram Comhshaoil Chontae Longfoirt a mheas
- Tuairisc ar chur i bhfeidhm dlí i dtaca le Dramhaíol – Cur i bhfeidhm i gContae Longfoirt agus sa Réigiún
- An Clár Caipitil do Sheirbhísí Uisce
- Ceisteanna Beartais le plé amach anseo
- Turas ar Áis Láthair Conláiste Baile ag Mulleady's Ltd. i nDroim Lis

### 12 Meán Fómhair 2005

- An Plean Ionaid Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Lár-Tíre a mheas
- Comórtas molta Mhórtas Longfoirt a chur i láthair
- An Clár Infheistíochta do Sheirbhísí Uisce – An Clár Caipitil agus Uisce Tuaithe, an scéal cothrom le dáta
- Plépháipéar i dtaca le Freagracht Tiarnaí Talún as Dramhaíol

### 22 Nollaig 2005

- Suirbhé agus Tuairisc ar Reiligí Chomhairle Contae Longfoirt 2006-2025
- Plépháipéar i dtaca le Freagracht Tiarnaí Talún as Dramhaíol
- Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí – Soláthar Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce (custaiméirí nach líonta tí iad)

## Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála

Reáchtáladh céad chruinniú an SPC um Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála an 25 Aibreán 2005. Ag an gcruinniú sin, rinneadh aontú ar dhátaí, amanna agus minicíocht na gcruinnithe agus rinneadh aontú chomh maith ar dhréachtphlean oibre.

Seo a leanas dátaí na gcruinnithe i rith 2005:

- 25 Aibreán 2005
- 22 Bealtaine 2005
- 27 Meitheamh 2005
- 18 Iúil 2005
- 26 Meán Fómhair 2005
- 24 Deireadh Fómhair 2005
- 28 Samhain 2005

Seo a leanas liosta de na saincheisteanna a bhí i dtreis ag an gcoiste sa bhliain 2005:

- Cothabháil agus Deisiú Tithíochta
- Lámhleabhar do Thionóntaí
- Bainistíocht Eastáit / Rannpháirtíocht Tionóntaí
- Roghanna Tithíochta
- Treoirínte i dtaca le Tithíocht Inmharthana Tuaithe / An Plean Forbartha Contae
- Iompraíocht Fhrithshóisialta

## Beartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, Beartais um Fhorbairt Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúrtha agus Áineasa

Tháinig an Coiste Beartas Straitéiseach le chéile ceithre bhabhta in 2005. Phléigh an coiste na ceisteanna seo a leanas:

- Seirbhís Iarsmalainne Chontae Longfoirt
- Togra Leathanbhanda
- Scéimeanna Clár agus RAPID
- Beartas Spraoi
- Treoirínte i dtaca le Tithíocht Tuaithe
- Beartas um Fhorbairt Eacnamaíochta
- Linn Snámha Longfoirt
- Seirbhísí Cultúir
- Beartas um Lomadh Féir



## Príomhfheidhmeanna

Cuirtear príomhsheirbhísí Chomhairle Contae Longfoirt ar fáil anois laistigh den struchtúr Stúirthoireachta seo a leanas. Cuimsíonn na cúig Stúirthoireacht na réimsí seo a leanas:

- Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabhail Bóithre agus um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Beartas um Sheirbhísí Uisce agus Comhshaol
- Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála
- Airgeadas
- Beartais um Fhorbairt Eacnamaíoch, um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúir agus Áineasa



*Contae Longfoirt*





**Comhairleoir Aidrian Ó Feargháil**  
Cathaoirleach an Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Iompar, Forbairt agus Coinneáil Bhóithre agus Polasaithe um Shlándaíl Bóithre



**Seán Mac Giolla Chailín**  
Stiúrthóir Seirbhísí

## Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt Bhóthair agus Chothabháil agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Is príomhchuspóir é ag Comhairle Contae Longfoirt go gcuideoidh na beartais iompair infrastructúrtha agus infheistíochtaí le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Chontae agus a áilleacht fhisiciúil agus an timpeallacht a chaomhnú agus a fheabhsú.

Tá Longfort suite go straitéiseach i ngiorracht do lár na hÉireann agus ritheann na Bealaí Náisiúnta Príomhúla N4 agus N5 agus Bealaí Náisiúnta Tánaisteacha N55 agus N63 tríd. Cothaíonn na bealaí seo sreabha tráchta suntasacha ar fud an chontae.

Tá sé riachtanach d'fhorbairt chuí Chontae Longfoirt go bhfónann an gréasán bóthair ar an toirt tráchta reatha agus ar an toirt tráchta a mheastar a bheidh ann, chomh maith leis na ceanglais sábháilteachta. Éilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch atá ag dul sa treis gréasán bóthair ar ardchaighdeán. Más mian le Longfort leas éifeachtach a bhaint as an bhfás ar thionsclaíocht, an fás ar thalmhaíocht, an fás ar thurasóireacht agus meallacht a chuid lochanna, aibhneacha agus a áilleacht sárscéimhe, aithnítear gur gá don ghréasán bóthair agus na bóithre réigiúnacha agus tuaithe a bheith ar chaighdeán cuí, mealltach agus sábháilte don chuariteoir agus do mhuintir na háite araon.

Seachas líon áirithe bóithre atá faoi údarás Chomhairle Baile Longfoirt, is í Comhairle Contae Longfoirt atá freagrach as soláthar, feabhsú agus cothabháil an ghréasáin bhóthair phoiblí laistigh den Chontae. Seo a leanas miondealú na mbóithre atá faoi údarás na Comhairle Contae:

Aicmiú	Náisiúnta Príomhúil	Náisiúnta Tánaisteach	Réigiúnach	Áitiúil	Iomlán
Limistéar Thuaidh (km)	—	13	53	654	720
Limistéar Láir (km)	33	18	20	224	295
Limistéar Theas (km)	15	25	78	452	570
Ciliméadair san Iomlán	48	56	151	1331	1585

## Seo a leanas an tAirgeadas a bhí ar fáil don Chomhairle in 2005

### 1. Bóithre Náisiúnta (Deontais ón Údarás Náisiúnta Bóithre):

	<b>2005</b>
Mórfhleanáil agus Dearadh:	€500,000
Mór-oibreacha:	€5,000,000
Obair feabhsúcháin eile:	€4,650,000
Deontas Forlíontach 21/05/04 (N4):	€ 200,000
Feabhsúcháin Droichid:	€ 160,000
Obair chothabhála:	€ 798,076
Ceannsó Tráchtá:	€ 635,000
Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal:	<u>€ 85,000</u>
<b>Iomlán:</b>	<b>€12,028,076</b>

### 2. Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (Deontais na Roinne Comhshaoil, Oidhreachtá agus Rialtais Áitiúil):

Obair feabhsúcháin shainiúil:	€1,570,000
Obair feabhsúcháin athshlánaithe:	€3,510,000
Obair chothabhála athshlánaithe:	€ 988,000
Obair feabhsúcháin roghnach:	€ 373,000
Obair chothabhála roghnach:	€ 441,000
Soilse LS, LT & NS (Clár):	€ 154,284
Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal:	€ 143,200
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil:	€ 309,208
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil (Clár):	€ 86,445
Clár Oiliúna:	€ 20,000
Méadrú na dTeorainneacha Luais:	<u>€ 24,378</u>
<b>Iomlán:</b>	<b>€7,619,515</b>

### 3. Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (Ranníocaíocht na Comhairle):

€895,000

#### **BUISÉAD IOMLÁN:**

€20,542,591

Tá dul chun cinn déanta ar Dhearadh na dTionscadal Infrastruchtúrtha Bóthair Náisiúnta i gcomhar le hOifig Dearaidh an Údarais Bóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

- Cuid 8 (Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001) do Sheachbhóthar Longfoirt N5 glactha ag an gComhairle mí Mheán Fómhair seo caite agus ag feitheamh ar fhoilsiú chead an CPO;
- Seachród Mheathas Troim go céim Roghnúcháin Bealaigh a Shocrú;
- Bóthar Faoisimh Inmheánaigh N4 Mheathas Troim á thógáil; Feabhsúcháin ar an mBóthar N4 idir Meathas Troim agus Longfort go céim gar don chéim Thusdheartha;
- Feabhsúcháin ar an mBóthar N4 idir Rúscaigh agus Longfort ag céim Roghnúcháin Bealaigh Deiridh, agus CPO agus EIS dearbhaithe don chuid is Sía ó Thuaidh i mí Mheán Fómhair seo caite;
- Staidéar Feabhsúcháin na mBóithre Náisiúnta Tánaisteacha ag dul ar aghaidh go dtí an chéim forfheidhmiúcháin.

Cuireadh i bhfeidhm na hOibreacha Feabhsúcháin agus Cothabhála eile ar fad trí dhá Oifig Innealtóireachta an Cheantair agus trí Oifig Dearaidh na Comhairle.



## Seirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil

Comhairleoir Mairtín Ó Feargháil  
Cathairleach Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Seirbhísí Uisce agus Polasaithe Timpeallachta



Ruairi Mac Toimilín  
Stiúrthóir Seirbhísí

## Seirbhísí Uisce

**Píomhchuspóir:** Seirbhísí uisce agus bonneagar comhshaoil atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach agus chun brústocaireacht a dhéanamh le haghaidh maoiniú caipitil níos mó.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Longfoirt soláthar uisce cuí, sabhailte, in-ólta le haghaidh úsáid baile, talmhaíochta agus úsáidí eile a chur ar fáil. Déanann an Chomhairle gach iarracht córas a chur ar fáil atá sabhailte agus oiriúnach le haghaidh bailiú, cóireáil agus diúscairt eisilteach séarachais. Déantar é seo trí fheidhmiú na scéimeanna atá ann cheana féin agus scéimeanna nua a phleanáil agus a sholáthar chun an tseirbhís a chur ar fáil d'áiteanna nach bhfóntar go fóill orthu.

### Infrastruchtúr Seirbhísí Uisce

Tá cúig scéim réigiúnacha uisce a fhónann ar Chontae Longfoirt agus meastar go bhfaigheann 85% den daonra soláthar uisce trí phiobán atá cóirithe go caighdeán an AE.

Is iad na scéimeanna sin: Baile Uí Mhatháin, Beal Átha Liag / Baile Nua an Chaisil, Longfort Láir, Loch Gamhna agus Granárd.

Is é Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte – An Limistéar Lár-Thíre a dhéanann monatóireacht ar chaighdeán an uisce óil de réir Rialacháin an AE (Caighdeán Uisce atá le hÓI ag an Duine) 2000. Cuirtear tuairisc ar na torthaí faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil gach bliain agus foilsítear tuairisc.

Tá Plean Straitéiseach d'Uisce Tuaithe, Plean Athnuachana agus Measúnaithe Líonra agus Bunachar Sonraí Spásúil GIS / Córas Faisnéise Iomláin ar na Líonraí Uisce agus Séarachais sa chontae réitithe ag an gComhairle.


Tá naoi scéim séarachais phoiblí sa Chontae: Baile Uí Mhatháin, Caonach, Baile Átha Liag, Longfort, An Lios Breac, Droim Lis, Granárd, Meathas Troim agus Lagach.

### Éachtaí le Cúig Bliana anuas

Tá na hoibreacha seo a leanas tugtha chun críche le cúig bliana anuas:

1. Scéim Séarachais Bhaile Uí Mhatháin, Síneadh go *Ballymulvey* san áireamh
2. Scéim Séarachais Ghranárd
3. Scéim Caomhantais Uisce Longfoirt – Céim 1
4. Cartadh Fosfair Bhaile Longfoirt
5. RWSS Longfoirt Láir – Réamhoibreacha Céim 6

### Léarscáil Líonra Réigiúnaigh Chontae Longfoirt



12

## Caomhnú Uisce

Chríochnaigh an Chomhairle Plean Measúnaithe agus Pleanála Líonra sa bhliain 2000. Cuireadh isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil é agus leithroinneadh maoin faoin gClár um Chaomhnú Uisce Náisiúnta (Bealtaine 2003) mar seo a leanas:

Athshlánú Líonraí Nua	€3.2 m
Bainistíocht Líonraí Comhtháite	€1.0 m

Rinneadh an príomhsholáthar uisce a athsholáthar chomh maith ar an tSráid Nua, Longfort agus ar an bPríomhshráid, Granárd, agus oibreacha riachtanacha atógála bóthair ar bun.

Beidh gá le measúnú mion a dhéanamh chun suímh le haghaidh oibreacha athshlánaithe a aimsiú don todhchaí, chun tosaíocht a bhunú maidir le céimeanna don todhchaí le bearta bainistíochta sceite a chur i bhfeidhm.

Go dtí deireadh 2005 rinneadh méadrú ar thart ar 70% de na ceangail soláthair uisce nach ceangail Tí iad.

## Clár Infheistíochta do Sheirbhís Uisce 2004 – 2006

	<b>Stádas</b>	<b>Costas Measta €</b>
<b>Scéimeanna le Tosú sa Bhliain 2005</b>		
Scéim Séarachais Chluain dá Ráth	Dáta críochnúcháin Meitheamh 2006	1,400,000
<b>Scéimeanna le Tosú sa Bhliain 2006</b>		
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach do Longfoirt Láir		
Céim 6 – Taiscumar & Píobáin	Cáipéisí Conartha tugtha chun críche	7,290,000
Caomhnú Uisce – Céim 2	Le tosú go luath in 2006	4,200,000
Séarachas Mheathas Troim (Laghsú Cothaitheach)	Cáipéisí Conartha tugtha chun críche	214,000
<b>Scéimeanna le Tosú sa Bhliain 2007</b>		
Scéimeanna Séarachais Dhroim Lis agus an Leasa Bhric	Réamhthuirisc Faofa ag deireadh 2005	2,900,000
Scéim Séarachais Longfoirt Céim 2	Réamhthuirisc curtha faoi bhráid na Roinne CORÁ	5,500,000
Bainistíocht Sloda Longfoirt	Réamhthuirisc curtha faoi bhráid na Roinne CORÁ	1,500,000
<b>Scéimeanna Ceadaithe chun Pleanáil a Chríochnú</b>		
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Bhaile Uí Mhatháin	Comhairleoirí ceaptha	7,500,000
Athbhreithniú Straitéiseach ar Soláthar Uisce Réigiúnach Ghranárd	Réamhthuirisc tugtha chun críche in 2005	2,000,000
Soláthar Uisce Réigiúnach do Longfoirt Láir	Athbhreithniú Straitéiseach tugtha chun críche in 2005	12,000,000
<b>Tionscnamh na Sráidbhailte agus na mBailte Tuaithe</b>		
Scéim Séarachais Ard-Achaidh / Bhéal Átha na Lao / Achadh na Cloiche	Ag céim na Cáipéise Conartha	4,000,000
Soláthar Uisce Bhéal Átha Liag – Céim 1	Ag céim na Cáipéise Conartha	1,300,000
<b>Scéimeanna Ceadaithe chun dul isteach sa phróiseas Pleanála</b>		
Scéim Séarachais na mBailte agus na Sráidbhailte	Comhairleoirí ceaptha	2,000,000
Grúpáilte Mainistir Leathrátha, Mainistir Shruithla, Baile na Muc, <i>Barry</i> , Cill na Sí, Eanaigh Bheaga, Lagach, Maigh Dumha, An Mhaighean, Baile Nua an Chaisil, <i>Stonepark</i> agus Teach Sínigh		
Scéim Séarachais Bhaile Longfoirt – Athbhreithniú Líonra	Réamhthuirisc curtha faoi bhráid na Roinne CORÁ	8,000,000

## Clár Uisce Tuaithe

### Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe Chontae Longfoirt

In 2002, bhunaigh Comhairle Contae Longfoirt fóram comhairliúcháin ag leibhéal contae chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir dhílártaite Uisce Tuaithe. Tá ionadaithe ó na héarnálacha poiblí agus príobháideacha ar an gcoiste de réir socruithe ag leibhéal náisiúnta. Ar an gcoiste bhí: Foireann Chomhairle Contae Longfoirt, Baill Thofa na Comhairle, Earnáil Ghrúpscéim Uisce Longfoirt (NFGWS), Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA), Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA), Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (NFGWS), Cumann Mhná Tuaithe na hÉireann (ICA).

Innealtóir an Chláir Uisce Thuaithe, P.J. Gill le cúnaimh an Uas. John Devine, Oifigeach Liaison an Chláir Uisce Thuaithe, atá freagrach ó lá go lá as an bhfeidhm uisce tuaithe agus as obair an Choiste a chomhordú agus seirbhísí rúnaíochta a chur ar fáil.

### Téarmaí Tagartha

Is é is gnó don Choiste go príomha comhairle a thabhairt ar bheartas maidir le soláthar uisce tuaithe laistigh de limistéar na Comhairle agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéimeanna éagsúla chun soláthar uisce nua do theaghlaigh a chur ar fáil agus a fheabhsú. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choiste:

- Comhairle a thabhairt ar fhorbairt Phlean Straitéiseach Uisce Tuaithe an Chontae.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Chláir dhílártaite Uisce Tuaithe go háitiúil.
- Inchur a a bheith aige sa Choiste Monatóireachta Náisiúnta.



## Nithe le tabhairt faoi deara

- D'fhaomh an Coiste Plean Straitéiseach d'Uisce Tuaithe do Chontae Longfoirt an Mháirt, 5 Márta 2002.
- Cuireadh na háiteanna seo a leanas san áireamh do thograí nua agus uasghrádúcháin do ghrúpscéimeanna uisce in 2005 Lios Mór, Foirgnaidh, Ard-Achadh, Maigh Dumha, Clogher Rhyinn, Caisleán na Cora, Fostra, Cluain Mhór-Cill Mhór, *Derawley*, *Carrickmoira*, Lios Dubh and Barra Mór.

Clúdaíonn an Clár Uisce Tuaithe soláthar / feabhsúchán soláthar uisce do cheantair thuaithe bunaithe ar phrionsabail stuama innealtóireachta agus eacnamaíochta laistigh den Phlean Straitéiseach um Uisce Tuaithe.

€2,500,000 san iomlán a leithdháileadh in 2005 faoi Bhlocdheontas Longfoirt do na bearta éagsúla faoin gClár Uisce Tuaithe. Áirítear air sin €200,000 don Chlár *Taking-in-Charge*. San áireamh freisin bhí Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais (€650,000), Deontais do Thoibreacha Príobháideacha (€25,756.92) agus Costais Riaracháin (€105,000).

€1.6 milliún a caitheadh ar an gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2005.

## Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais

Tá 13 scéim bheaga uisce agus séarachais á dtógáil faoi láthair, nó ag an gcéim ceadúcháin, ar chostas isteach is amach le €2,000,000. San áireamh sa chlár tá:

- Cur le Scéim Uisce Réigiúnach Longfoirt Láir ó fhoinsí screamhuisce.
- Leathnú amach ar Scéim Séarachais Ghranárd ag Cill Ghranárd agus Ceárach.
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhainistir Shruithla, a sholathróidh saoráidí riachtanacha cóireála séarachais don sráidbhaile.
- Leathnú amach ar scéim séarachais Mheathas Troim ar Bhóthar Linn na mBreac.
- Méadú ar phríomhphíobáin uisce ar Ghrúpscéimeanna Uisce nua chun freastal ar riachtanais Réigiúnacha.
- Méadú ar an bpríomhphíobán uisce go Taiscumar Ráth Chrónáin ar Scéim Réigiúnach Uisce Ghranárd.



*Grúpscéim Uisce an Ard-Achaidh: Treoidhruileáil*

## Scéimeanna Aonair Sólathair Uisce

Phróiseáil Comhairle Contae Longfoirt 18 ndeontas ar thoibreacha in 2005. €25,756.92 a íocadh i ndeontais.

## Ceadúnais do Cheangail Uisce / Séarachais

I rith na bliana 2005, próiseáladh 199 ceadúnas le haghaidh ceangal le scéimeanna poiblí séarachais, uisce agus grúpscéimeanna uisce. €644,691 an teacht isteach a bhí ann san iomlán.

## Draenáil Talún

Leanadh ar aghaidh le hobair chothabhála ar na haibhneacha seo a leanas, an Chamlinn, Currygrane agus an Caonach.



## An Comhshaoil

Clumhdaíonn an mhír seo raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna. Is iad seo leannas na príomhréimsí:

- Rialú Truailliúcháin agus Bainistiú Chaighdeán an Uisce
- Bainistiú Bruscair
- Bainistiú Dramhaíola
- Scuabadh Sráide
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- Seirbhísí Tréidliachta
- Rialú Madraí
- Cosaint Shibhialta
- Láithreacha Adhlachta

### Rialú Truailliúcháin agus Bainistiú Chaighdeán an Uisce

Cumhdaíonn an reachtaíocht faoi rialú truailliúcháin réimsí cosúil le truaillíu uisce, truaillíu aeir, núis agus fothram. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí faoi leith maidir le rialú truailliúcháin lena n-áirítear iniúchadh ar tharlúintí truailliúcháin uisce, scardadh go huisce agus astaíochtaí suntasach san aeir a cheadúnú, monatóireacht ar uisce óil, cóireáil fuíolluisce uirbeach agus aibhneacha.

### Rialacháin um Thruaillíu Uisce agus Fosfair 1998

De réir na faisnéise is déanaí atá ar fáil tá 48.6% de líon iomlán na n-aibhneacha i gCo. Longfoirt sa rangú 'saor ó thruaillíu'. Tá 29.7% de na haibhneacha sa rangú 'beagán truaillithe'. Tá 16.2% de na haibhneacha sa rangú 'measartha truaillithe' agus tá 5.4% díobh sa rangú 'truaillithe go dona'.

Faoi Rialacháin Fosfair 1998 tá oibleagáid ar an gComhairle feabhas suntasach a bhaint amach i dtaca le caighdeán uisce abhann faoin mbliain 2007. Bainfear é seo amach trí chlár iniúchtaí ar fheirmeacha, ceadúnú tionscail agus uasghrádú leanúnach ar Ionaid Chóireála Séarachais, obair a dhéanann an Rannóg Seirbhísí Uisce. Leanadh ar aghaidh in 2005 le clár chun sceiteanna neamhcheadúnaithe eisiltigh thráchtála agus thionscail a shonrú.

### Córais Bhainistíochta Abhantracha

Tá na contaetha ar fad le hais na Sionainne agus na hÉirne rannpháirteach sna Córais Bhainistíochta Abhantracha Dúiche. De réir an Treoirchreata Uisce, is é aidhm an tionscadail greasán monatóireachta a bhunú chun na pointí brú a shonrú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaighdeán uisce sa réigiún agus clár bearta a chur le chéile chun dul i ngleic leis na foinsí éagsúla truailliúcháin. Tá measúnú déanta ag an tionscadail seo ar Abhantracha na Sionainne agus na hÉirne ina n-iomláine ó fhoinsí go hinbhir na n-abhann.

Tá na huiscí ar fad á meas, lena n-áirítear uiscí dromchla, screamhuiscí, uiscí inbhir agus uiscí cósta agus gnáthoga bogaigh. Foilsíodh an Tuarascáil um Chomhdhéanamh Uisce ag deireadh 2004.

Glacfaidh sé thart ar cheithre bliana an córas bainistíochta a bhunú ar chostas measta ocht milliún euro. Le go n-éireoidh leis an tionscadal seo tá sé ríthábhachtach go mbeadh leasanna earnála, lena n-áirítear iascaireacht, foraoiseacht, tionsclaíocht, talmhaíocht, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit, rannpháirteach.

### Saotharlann Chomhshaoil

Tá Saotharlann Chomhshaoil na Comhairle Contae suite ar Bhóthar na Páirce, Longfort. Tugann an tsaotharlann tacaíocht do na Rannóga Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil. Is iad príomhfheidhmeanna na saotharlainne:

- rialú ar mhonatóireacht truailliúcháin uisce.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghléasra Cóireála Fuíolluisce Uirbigh na Comhairle Contae.
- Monatóireacht ar líonta talún.

### Bainistiú Bruscair

Tá cur i bhfeidhm na nAchtanna Bruscair 1997 – 2003 ar cheann de na príomhbhealaí chun dul i ngleic le fadhb an truailliúcháin bhruscair i gContae Longfoirt. Triúr Maor Bruscair na Comhairle a dhéanann Rialú Bruscair go príomha le cúnamh ó Mhaor Mardaí na Comhairle agus Maor Bruscair agus Maoir Thráchta Chomhairle Baile Longfoirt. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean um Bainistiú Bruscair in 2005.

D'éisigh Comhairle Contae Longfoirt 276 fineáil bhruscair "ar an láthair", arb ionann é sin agus méadú thart ar 64% thar 2004, agus is léiriú é ar fhadhb le dumpáil agus le caitheamh amach bruscair atá ag méadú i sochaí an lae inniu.

Chuir Comhairlí Contae agus Baile Longfoirt tionscnaimh Frithdhrámaíola, arna maoiniú ag deontas €11,830 ón Roinn CORÁ, i bhfeidhm i rith 2005.

### Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Local Agenda 21, 2003

Is éard atá sa chiste seo ná scéim deontas a mhaoiníonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Contae Longfoirt chun tacú le tionscadail nuálacha phobalbhunaithe chomhshaoil.

Dáileadh ciste €9,070 ar na heagraíochtaí seo a leanas:

Coiste Bailte Slachtmhara Longfoirt	€780
Clár Gnímh Gránaird	€1,800
Comhar Comhshaoil Longfoirt	€1,110
Kelvin Moore	€900
Gaelscoil Longfoirt	€400
Cumann Áitritheoirí Pháirc Mhic Eoin	€2,500
Malartú Leabhar Scoile	€500
Coiste Bailte Slachtmhara Dhroim Lis	€1,080

### Scuabadh Sráideanna

Thug an Chomhairle faoi chlár rialta Scuabtha Sráideanna in 2005 i mbailte agus i sráidbhailte Chontae Longfoirt. Ba é a bhí i gceist ná bruscar a scuabadh agus boscaí bruscair a sheirbhísiú de réir Phlean Chontae Longfoirt um Bainistiú Bruscair. €292,130.20 a caitheadh ar scuabadh sráideanna i rith 2005.

### Bainistiú Dramhaíola

#### *An Plean um Bainistíocht Dramhaíola 2005 – 2010*

I rith 2005 rinne Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Contae Laoise, Comhairle Contae Longfoirt, Comhairle Contae na hIarmhí, agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh athbhreithniú ar an bPlean um Bainistiú Dramhaíola don Réigiún Lárthíre, a comhcheapadh in 2001, de réir na nAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola 1996-2003 agus na Rialachán um Bainistíocht Dramhaíola (Pleanáil) 1997.

Is é aidhm an Phlean Bheartaithe Ionaid ná creat a leagan síos do bhainistiú inmharthana dramhaíola laistigh de chúig réimse an údaráis áitiúil agus cumhdaíonn sé gach dramhaíol neamhchontúirteach a ghintear sa réigiún. Baineann an Plean chomh maith le bainistiú dramhaíola contúirtí de réir an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Contúirtí, a d'ullmhaigh an EPA.

Foilsíodh an Plean Beartaithe Ionaid um Bainistiú Dramhaíola don Réigiún Lárthíre 2005-2010 i mí Iúil 2005 agus tabharfar próiseas an athbhreithnithe chun críche go luath in 2006. Tá sé bearaithe go ndéanfar Plean Ionaid um Bainistiú Dramhaíola don Réigiún Lárthíre 2005-2010 faoi thús Fheabhra 2006.

### Soláthar Saoráidí

Tá 25 láthair i gContae Longfoirt chun dramhaíol in-athchúrsála a thabhairt ann. Is féidir gloine uaine, dhonn agus shoiléir agus cannaí alúmanaim a thabhairt ann.

Bailíodh os cionn 390 tona gloine in 2005 ag na láithreacha sin, arb ionann é sin agus méadú 100 tona i gcomparáid leis an méid a bailíodh in 2004. Bailíodh thart ar 25 tona cannaí alúmanaim 2005 (17 tona in 2004). Tháinig méadú tríd is tríd ar an úsáid a baineadh as na láithreacha seo in 2005. Méadú 34% a tháinig ar an líon tonaí gloine agus méadú 47% a tháinig ar an líon tonaí cannaí alúmanaim a bailíodh i gcomparáid le 2004.

### Forfheidhmiú

Tá Foireann ghníomhach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola ag Comhairle Contae Longfoirt a ghlacann disciplíní teicniúla agus riaracháin san áireamh. Déileálann an Fhoireann Forfheidhmiúcháin le réimsí cosúil le Ceadúnais do Shaoráidí Dramhaíola, Ceadúnais do Bhailiú Bruscair, Rialacháin Phacáistíochta, Plaistigh Feirme agus Gníomhaíochtaí Neamhúdaraithe Dramhaíola. I rith 2005, fuair an Fhoireann Forfheidhmiúcháin do Dhramhaíol 742 gearán, agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann acu agus glacadh gníomhartha cuí forfheidhmiúcháin.

Is é Bearta Chomhairle Contae Longfoirt i réimse an Bhainistithe Dramhaíola ná feasacht a mhéadú agus feabhsú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Reachtaíochta Comhshaoil.

## Feasacht Comhshaoil

I rith na bliana leanadh ar aghaidh leis an dea-obair a baineadh amach sna réimsí seo a leanas

- Glantachán Náisiúnta an Earraigh
- Feachtas na Scoileanna Glasa
- Múiríniú
- Fóram Comhshaoil Chontae Longfoirt



*Bailiú earraí móra Longford Slashers GFC, Co. Longfoirt, an 8 Deireadh Fómhair 2005*

## Glantachán Náisiúnta an Earraigh

Rinne an Chomhairle tuilleadh forbartha ar fheachtas Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh i rith 2005. Thug Comhairlí Contae agus Baile Longfoirt cúnamh le glantacháin phobail in 52 ceantar. Bailíodh thart ar 1.14 tona bruscair. Cuireadh teanchairí, láimhíní, aprúin agus málaí dathchódaithe ar fáil do na glantacháin phobail.

Eagraíodh cúig cinn déag de Bhailiúcháin Chonláiste Baile le linn mhíonna an earraigh agus an fhómhair agus bailíodh 200 tona dramhaíola (méadú 89 tona ar 2004). Sa Droim Ard, i Meathas Troim, i nGranárd (faoi dhó), i Lagach, sa Lios Breac, i Longfort (ceithre bhabhta), i mBéal Átha na Laogh, i mBaile Uí Mhatháin, i mBaile Nua an Chaisil, i mBéal Átha Liag agus i nDroim Lis a eagraíodh iad.

## Feachtas na Scoileanna Glasa

D'éirigh le Longfoirt an ghníomhaíocht i Scoileanna Glasa a mhéadú. Bronnadh Bratacha Glasa ar dhá scoil bhreise, rud a fhágann go bhfuil bratacha glasa bronnta ar sheacht scoil san iomlán. I measc na scoileanna a fuair Bratacha Glasa i rith 2005, bhí:

Ainm: St. Scoil Náisiúnta Mhuire, Baile Nua an Chaisil, Co. Longfoirt.  
 Dáta an bhronnta: 17 Bealtaine 2005

Ainm: Coláiste Theampall Mhichíl, Teampall Mhichíl, Longfoirt.  
 Dáta an bhronnta: 17 Bealtaine 2005

## Múiríniú

Bliain an-mhaith ba ea 2005 maidir le múiríneoirí a dhíol. Mar chuid de thiomantas Chomhairle Contae Longfoirt don athchúrsáil, tugadh deis don phobal aonaid múirínithe a cheannach ar chostas fóirdheonta €25. D'fhág sin gur díoladh 750 aonaid múirín in 2005. D'fhonn díol agus úsáid na n-aonaid múirín a chothú, fuair na scoileanna aonaid múirín saor in aisce.

## Fóram Comhshaoil Chontae Longfoirt

Rinne an Chomhairle éascaíocht do dhá chruinniú i rith 2006 do bhaill thofa, d'oifigigh agus do bhaill na bhFóram Pobail agus Deonach chun ceisteanna comhshaoil i gcoitinne a phlé. Ba iad na nithe a pléadh:

- Monatóireacht agus Caighdeán an Uisce Óil
- Pleanáil do Bhainistiú Dramhaíola
- Stádas an Chomhshaoil i gContae Longfoirt
- Dearcaí agus Iompraíochtaí na Sochaí

## Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála

Lean an Rannóg Seirbhísí Dóiteáin ar aghaidh ag cur feabhais ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil. Tá na Stáisiúin Dóiteáin i gContae Longfoirt suite i:

- Longfort
- Granárd
- Meathas Troim
- Béal Átha Liag
- Baile Uí Mhatháin

Tá foireann 48 Fear Dóiteáin ag obair sna stáisiúin agus freagraíonn siad do tharlúintí Tine agus Tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin i gcomhair le Coiste Réigiúnach Timpistí Réigiún Lár na Tíre den Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta gníomhach i seachaint timpistí a chothú sa phobal le linn na Seachtaine Sábháilteachta Tine.

D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 87% de tharluithe / tinte laistigh de 20 nóiméad agus bíonn siad réidh laistigh de chúig nóiméad.

Phróiseáil an Rannóg Dóiteáin 107 Teastas Sábháilteachta Tine san iomlán agus 45 Tarchur Pleanála agus 71 Tarchur Cúirte i dtaca le hlarratas ar Cheadúnas. Rinneadh suas le 40 scrúdú ar Áiteanna Siamsaíochta agus ar áitribh Chónaithe i rith 2005.

Eisíodh ceithre cheadúnas preitiliam i rith 2005 chomh maith.

I rith 2005 tugadh tógáil Stáisiún Dóiteáin nua Bhaile Uí Mhatháin chun críche agus cuireadh tús le tógáil Stáisiún Nua do Ghranárd. Ceannaíodh fearas nua Aicme B do Bhriogáid Dóiteáin Bhéal Átha Liag agus d'fhaomh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil fearas nua Aicme B do Bhriogáid Dóiteáin Longfoirt agus trealamh do Thimpistí Bóthair ar chostas €112,000 le húsáid ar fud an Chontae. Ina theannta sin, tugadh cead d'aonad tarracóra altach agus dhá thancaeir uisce a cheannach.

## Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht Bia

Is é príomhfhreagracht na Rannóige Tréidliachta ná seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí a chuireann Comhairle Contae Longfoirt ar fáil, mar "Ghníomhaireacht Oifigiúil" atá ar conradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, i réimse na Sábháilteachta Bia agus na Sláinte Pobail.

Ina leith sin, rinneadh maoirseacht ar áitreabh / oibríochtaí bia sna catagóirí seo a leanas chun a chinntiú go rabhthas ag cloí leis an reachtaíocht um shábháilteacht bia.

- Seamlais Bhaile.
- Áitribh áitiúla le haghaidh próiseáil feola.

Sa bhliain 2005 próiseáladh 1,347 eallach agus 5,194 caoire le hithe ag an duine i gcúig sheamlas baile i gCo. Longfoirt. Déantar imscrúdú ar gach ainmhí roimh mharú an ainmhí sin agus ina dhiaidh sin freisin.

Tá clár samplála agus anailíse i bhfeidhm chun substaintí dochracha nó baictéir san fheoil a thabhairt faoi deara.

D'éirigh leis an dara hionad neamhspleách monaróireachta feola, a ndéanann Comhairle Contae Longfoirt monatóireacht air, caighdeán cuí maidir le clárú agus faomhadh a bhaint amach in 2005.

Coinníonn Comhairle Contae Longfoirt clár de ghléasraí leachtbhainne a fheidhmíonn laistigh de cheantar feidhmiúil Chomhairle Contae Longfoirt.

Tá Rannóg Seirbhísí Tréidliachta Chomhairle Contae Longfoirt páirteach in imscrúduithe agus faire taighde ar phaitiginí a mbaineann suntas leo do shláinte an phobail.

### Rialú Madraí

Cuireann Comhairle Contae Longfoirt seirbhís lánaimseartha Maoir Mhadraí ar fáil i gContae Longfoirt agus tá póna madraí á fheidhmiú aici ar *Little Water Street*, Longfoirt. Eisíodh 1654 ceadúnas in 2005 mar aon le 43 fíneáil a gearradh faoin Reachtaíocht um Rialú Madraí. Déileáladh le 549 madra fáin / gan iarraidh i bpóna madraí na Comhairle Contae in 2005.

### Cosaint Shibhialta

Is cuid d'eagraíocht dhomhanda é an Chosaint Shibhialta a bhfuil sé mar ról príomhúil aige beatha a shábháil agus an fhulaingt a mhaolú in amanna cogaidh agus cuidiú le hanachainí nádúrtha agus timpistí de thoradh an duine in amanna síochána. Ag leibhéal áitiúil tá an Chosaint Shibhialta freagrach as éarcú agus traenáil saorálaithe agus as ionaid oiliúna a chur ar fáil sa phobal.

Is iad seo leanas na príomhghníomhaíochtaí, imeachtaí, agus forbairtí a bhí ann i rith na bliana 2005:

- Chuir Cosaint Shibhialta Longfoirt tús leis an mbliain trí €2,100 a bhailiú do dhaoine a bhí buailte ag an tsunamí.
- Ghlac baill ardoilte Garchabhrach páirt leis an tseirbhís sláinte mar lucht faire otharchair i rith gnáthchamchuart dualgais ó Eanáir go Bealtaine 2005.
- Thug duine de na Daoine Ard-Oilte Garchabhrach Cúrsa d'Oiliúnoirí chun críche agus tá an duine sin nach mór cáilithe anois le tús a chur leis an Teagasc ar leibhéal áitiúil.
- Mar aitheantas ar sheirbhísí do Pharáid Lá 'le Pádraig, bronnadh Trófaí Cuimhneacháin Hugh Shannon ar Chosaint Shibhialta Longfoirt.
- Freachnaimh Náisiúnta tugtha chun críche i Muineachán i rith Bhealtaine 2005.
- Thug an tSeirbhís Maorachta Cúrsa Raidió chun críche i mí an Aibreáin 2005.
- Oiliúint Réigiúnach i dtaca le Tuille i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.
- Freachnaimh Bhádóireachta Náisiúnta a thionóil Cosaint Shibhialta Ros Comáin ar Loch Rí.
- Deireadh Seachtaine Oiliúna Réigiúnach i mBeairicí an Mhuilinn Chearr arna reáchtáil ag Cosaint Shibhialta na hIarmhí.
- Ghlac trí bhall páirt i gCúrsa ar Dífhibrileoir Seachtrach Uathobrithe i Scoil na Cosanta Sibhialta i mBaile Átha Cliath.
- I rith Dheireadh Fómhair 2005 bronnadh Teastais Gharchabhrach agus Boinn Seirbhíse ar bhaill ar son deich agus fiche bliain seirbhíse.
- D'fhreastal lucht Cosanta Sibhialta ar 51 imeacht áitiúil pobail agus spóirt agus chuidigh siad leo i rith 2005.

### Láithreacha Adhlactha

Tá 74 reilig i gCo. Longfoirt, ach ní chuirtear daoine a thuilleadh in deich gcinn díobh sin. Fuair Comhairle Contae Longfoirt cead chun leathnú a dhéanamh ar a Scéim Fostaíochta Phobail trína fochuideachta, Longford Jobs Initiative Ltd., atá faoi úinéireacht iomlán na Comhairle, i rith 2005. Tá 10 rannpháirtí fostaithe ag an Scéim anois. Is é cuspóir na Scéime Fostaíochta Pobail tabhairt faoi scéimeanna feabhsúcháin shimplí i reiligí agus iad a chothabháil.

Rinneadh suirbhé ar na saoráidí reatha reilige, chun clár éadála talún agus oibreacha caipitil riachtanacha a chur le chéile, i rith 2005. Rinne Coiste Beartas Straitéiseach na Stiúrthóireachta Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil an Suirbhé agus an Tuairisc ar Reiligí Chomhairle Contae Longfoirt 2006-2025 a mheas i rith mhí na Nollag 2005. Cinnteoidh cur i ngníomh mholtaí na Tuairisce go mbeidh dóthain spásanna adhlactha ag Contae Longfoirt sna cúig bliana is fiche amach romhainn chun freastal ar riachtanais an phobail.

I rith 2005, lean Comhairle Contae Longfoirt ar aghaidh leis an scéim lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do reiligí i gCo. Longfoirt ach ar tugadh cúnamh deontais i leith cothabháil reilige do 21 coiste reilige / paróiste.





Comhairleoir Alan Ó Mistéal  
Cathairleach Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Polasaí Tithíochta agus  
Sóisialta, Polasaí um Stiúradh Pleanála agus Tógála



Seamus Ó Cléirigh  
Stiúrthóir Seirbhísi

## Beartais Tithíochta agus Sóisialta Bearthais Pleanála agus Rialíú Tógála

### Tithíocht

Ag deireadh 2004 d'fhaomh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Pleananna Gnímh i dtaca le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a chumhdaíonn na cúig bliana idir 2004 agus 2008. Táthar ag súil go mbeidh na pleananna seo ina mbunchlocha ar a mbunófar leithroinnt acmhainní tithíochta na Roinne.

#### Roghanna um Thithíocht Shóisialta

Sa bhliain 2005, d'éirigh leis an gComhairle 47 teach nua a thosú sa Chlár Tógála Tithíochta agus caitheadh breis is €15 mhilliún. Bhí roinnt forbairtí a bhain le tithe atá réidh le cónaí iontu sa chlár, mar aon le tithe aonair a cheannach, teachíní aonair a thógáil faoin tuath, agus oibreacha eile faoin Scéim Feabhsúcháin in ionad Tithíocht Udaráis Áitiúil.

Ón gcéad lá de mhí Eanáir 2005, leithroinneadh 102 tionóntachtaí. Léiríonn an figiúr seo lámhdeachas stoc tithíochta reatha, áitreabh athchóirithe, tithe na scéime nua, tithe faoin tuath, aistrithe, agus ceannacháin shingle.

Seo a leanas mionsonraí na scéimeanna nuathógtha a leithroinneadh i rith na bliana 2005:

<b>An Lios Breac</b>	Corry Park	22 Aonad Teaghlaigh (3 leaba, 2 stór)
<b>Cill na Sí</b>	Woodlawn	3 Aonad Teaghlaigh (bungaló 3 leaba)
<b>Béal Átha Liag</b>	Curraghrua	2 Aonad Teaghlaigh (3 leaba, 2 stór)
<b>An Lios Breac</b>	Woodview	8 OPD (2 leaba, aon urlár) 4 Aonad Teaghlaigh (teach leathscoite 3 leaba)

Ina theannta sin, tógadh 8 dteachín faoin tuath in 2005 agus tá teaghlaigh iontu anois.

I rith na bliana cuireadh tús le scéimeanna nua i Longfoirt, Lagach, Drum Lis, Baile na Muc, Caonach, Lios Breac agus Béal Átha Liag agus beidh roinnt de na scéimeanna ar fáil mar stoc i dtús na bliana 2006.

Léiríonn measúnú reachtúil ar riachtanais tithíochta a rinneadh i mí na Bealtaine 2005 rathúlacht nach beag Chomhairle Contae Longfoirt agus í ag déileáil le liostaí feithimh tithíochta.



ODPanna Woodview, An Lios  
Breac



Tithe Sóisialta & Inacmhainne in  
Corry Park, An Lios Breac



## Cothabháil / Athchóiriú

Leanadh ar aghaidh le hobair faoin scéim um athsholáthar fuinneog agus doras i rith 2005 agus faoi dheireadh 2005, bhí an obair ar gach stoc tithíochta a raibh athchóiriú den chineál sin de dhíth orthu nach mór críochnaithe.

Ina theannta sin, lean Comhairle Contae Longfoirt ar aghaidh lena clár um shuiteáil teasa láir. Leanfar ar aghaidh leis an gclár in 2006 ach maoiniú breise a bheith ar fáil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Tá an Chomhairle ag tabhairt faoi oibreacha athchóiriúcháin chun na tithe atá folamh le fada in *Pauric Column Heights*, Longfort a oscailt. In 2005, rinneadh athchóiriú ar thrí cinn de na tithe sin agus leithdháileadh ar thionóntaí iad.

## Bainistiú Eastát

Lean an tOifigeach Liaison Tithíochta agus an tOibrí Sóisialta orthu ag obair i réimse na tithíochta le tionóntaí agus le grúpaí. Leanadh ar aghaidh ag tabhairt spreagadh agus ag déanamh éascaíochta do Chumann Áitritheoirí a bhunú. Tugadh ar gach tionónta nua páirt a ghlacadh i gcúrsa réamhthionóntachta. Lainseáladh Lámhleabhar do Thionóntaí níos luaithe sa bhliain. Cuireann sé raidhse luachmhar eolais ar fáil do thionóntaí mar aon le mionsonraí a gcuid freagrachtaí agus freagrachtaí na gComhairlí i dtaca le cothabháil.

Reáchtáladh comórtas don 'Eastát is Fearr Coinnithe' i rith na bliana, arb é a bhí mar aidhm leis uchtach a thabhairt d'áitritheoirí spéis a chur i gcuma a gcuid eastát agus spiorad an phobail a chothú. D'éirigh thar barr leis an gcomórtas agus bronnadh gradaim i mí Mheán Fómhair 2005 ar na sé chumann áitritheoirí a bhuaigh.

Tugadh plean athnuachana do Pháirc Mhic Eoin / Farnagh, plean a choimisiúnaigh Comhairle Contae Longfoirt le cúnamh airgid faoin tionscnamh um Bainistiú Tithíochta, chun críche. D'fhaomh Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt an plean agus tá sé curtha faoi bhráid na Roinne.

Táthar i mbun comhairle le háitritheoirí ar Bhóthar Tromra, i gceantar Ghranáird ar feadh tamaill fhada agus ag deireadh na bliana a bhí Cunnane Stratton & Reynolds i mbun plean mionsonraithe athnuachana a chur le chéile agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid na Comhairle go luath in 2006 é.

## Tithíocht Dheonach

Is mian leis an gComhairle aitheantas a thabhairt d'obair na hearnála tithíochta deonáí agus í ag soláthar tithíocht Shóisialta faoin scéim fhóirdheontais cíosa agus faoin scéim chúnaimh chaipitil agus lean an Chomhairle uirthi ag spreagadh rannpháirtíocht bhreise na gcomhlachtaí sin. Leanadh ar aghaidh le cainteanna le roinnt comhlachtaí eile i dtaca le sciath-thithíocht a chur ar fáil.

## Tithíocht Inacmhainne

In 2005, solathraíodh 10 dteach inacmhainne sa Lios Breac. Tá fógraíocht déanta ag an gComhairle roinnt babhtaí féachaint cén t-éileamh atá ar Thithíocht Inacmhainne. Is thart ar Bhaile Longfoirt den chuid is mó a shonraítear gá le Tithíocht Inacmhainne agus ba chóir go bhfreastalódh an soláthar Tithíochta Inacmhainne faoin Chuid V ar an ngá sin.

## Iarratais ar Iasachtaí 2005

Tugadh cúnamh do cheanaitheoirí tí le raon roghanna iasachta mar atá léirithe thíos:

Cineál Iasachta	Iarratais a Fuarthas	Ceadaithe	Iasacht tugtha
Úinéireacht Chomhroinnte	6	4	6
Atógáil	8	3	4
Blianacht	17	14	12
Ceannachán Tionónta	7	9	5
Inacmhainne	107	2	Nialas
Carbhán	1	1	1

## Deontas do Dhaoine atá faoi Mhíchumas agus do Dheisiúcháin Riachtanacha

Fuarthas 233 iarratas san iomlán i rith na bliana. Fuair 175 iarrthoirí cúnamh deontais ar chostas €619,533.00.

## Fóram um Dhaoine gan Dídean

Tháinig an Fóram um Dhaoine gan Dídean le chéile go rialta i rith an bliana 2005. Bhunaigh Comhairle Contae Longfoirt an Fóram seo. Chabhraigh siad chun chur chuige comhtháite a chinntiú i measc comhlachtaí éagsúla deonacha agus comhlachtaí reachtúla a sholáthraíonn cúram. Rinneadh athbhreithniú náisiúnta ar chur i bhfeidhm na Straitéisí do Dhaoine gan Dídean agus Phleananna Gnímh an Údaráis Áitiúil do Dhaoine gan Dídean in 2005. Ghlac Fóram Longfoirt do Dhaoine gan Dídean páirt san athbhreithniú sin agus táthar ag feitheamh ar a thoradh. Tá Fóram Longfoirt do Dhaoine gan Dídean i mbun a Phlean féin a athbhreithniú faoi láthair. Leanadh ar aghaidh i rith 2005 le cóiríocht a chur ar fáil do Dhaoine gan Dídean i gcomhar le Comhairle Baile Longfoirt, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus SVDP.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Ghlac Comhairle Contae Longfoirt leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2005-2008 i mí Feabhra 2005. Leagann sé amach straitéis 4 bliana don chlár agus don chineál cóiríochta a chuirfear ar fáil don Lucht Siúil. Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile gach ráithe agus rinne siad monatóireacht ar an dul chun cinn a baineadh amach i dtaca leis na spriocanna atá leagtha síos sa phlean.

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

D'fhógair an Rialtas tionscnamh nua in 2004 lena nglacann Údaráis Áitiúla an fhreagracht orthu féin de réir a chéile thar 4 bliana as cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine a fhaigheann liúntas cíosa faoin Liúntas Leasa Forlonta (SWA), daoine atá á fháil sin le 18 mí nó le tréimhse níos faide agus a bhfuil riachtanas fadtréimhseach tithíochta acu. Táthar tosaithe ar a chur i bhfeidhm sa chéad ghrúpa údarás, eadhon Comhairlí Cathrach Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe agus Luimnigh; Comhairlí Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún na nGall, Uíbh Fhailí / na hIarmhí; agus Comhairle Buirge Dhroichid Átha. Ag deireadh 2005 bhí Comhairle Contae Longfoirt ag déanamh scrúdú ar na struchtúir atá riachtanach chun tús a chur leis an tionscadal i Longfort.

## Pleanáil

Bliain an-ghnóthach don Rannóg Pleanála ba ea 2005. Lean freagracht, clár oibre agus leibhéal gníomhaíochta na rannóige orthu ag fás. Tugtar cuntas thíos ar na gníomhaíochtaí suntasachta a tharla i rith 2005 mar aon leis an gClár Oibre Pleanála do 2006.

### Rialú Pleanála agus Forbartha

Tá an Rannóg um Rialú Pleanála freagrach as gach iarratas Pleanála a phróiseáil de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú.

An líon mór neamhghnách iarratas (1401) a fuarthas in 2004 de bharr na Scéime Dreasachta Cánach um Athnuachan Tuaithe, bhíothas fós ag déileáil leis i lár 2005 agus i ndiaidh na tréimhse ama reachtúla chun cinneadh a dhéanamh, eadhon tosach Márta. B'amhlaidh a bhí de bharr gur tugadh síneadh ama agus de bharr líon agus castacht na n-iarratas ar eolas breise a rinneadh i dtaca le tograí forbartha cónaithe agus úsáide measchtha ar mhórsála. Ina theannta sin, ba é líon na n-iarratas a fuarthas in 2005 ná 744, figiúr atá níos airde ná 2002 agus 2003, nuair a fuarthas 602 agus 727 iarratas faoi seach.

Tá an t-ualach oibre a bhaineann le Rialú Forbraíochta tar éis fás go mór, gan amhras, de bharr líon na n-aighneachtaí comhlíonta a rinneadh i dtaca le forbairt tionscadal a ceadaíodh faoi dhreasachtaí cánach agus tionscadail eile a ceadaíodh sna blianta roimhe sin, ach nár cuireadh tús leo go dtí an bhliain seo. Meastar go mbeidh méid an ama oibre a chaithfear le haighneachtaí comhlíonta a mheas agus a chomhaontú fós suntasach i rith 2006, de réir mar a bheidh an t-am críochnúcháin d'fhorbairt a bhaineann leas as scéim na ndreasachtaí cánach ag teacht chun deiridh.

Comhairlíúcháin agus cruinnithe réamhphleanála a eascraíonn as iarratais ar eolas breise agus as cinntí pleanála, tá siad sin ag cur go mór leis an ualach oibre a bhaineann le Rialú Forbraíochta. Gné eile den obair a rinneadh i mbliana thairis blianta roimhe sin is ea déileáil le clárú cairéal faoi Alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus próiseáil na n-iarratas ar cheadúnais faoi Alt 254 den Acht, go príomha comharthaí cois bóthair.

Cé go bhféadfadh líon iomlán na n-iarratas titim sa bhliain amach romhainn i gcomparáid le 2005, tá an ráta ag deireadh 2005 an-ard agus d'fhéadfadh sé sin leanúint ar aghaidh i míonna tosaigh 2006.

## Ranníocaíochtaí Forbartha

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha de réir na scéime a ghlac an Chomhairle i mí Márta 2004 faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Mar chuid de gach cead pleanála a cheadaítear bíonn ceanglas a éilíonn ranníocaíocht chuí forbartha a íoc ach tús a bheith curtha leis an bhforbairt. Is mó cás a dtagann cead eile in áit cead a bheadh tugtha don suíomh céanna nó nach mbeadh tús curtha le cead a bheadh tugtha. Is féidir leis sin léiriú míchruinn a thabhairt ar an méid a bhíonn dlite leis an údarás áitiúil.

Bunaithe ar fhógraí túsúcháin a fuarthas sa bhliain 2005, €1,285,381 san iomlán atá dlite ó thithe aonair tuaithe agus €4,812,167 atá dlite ó scéimeanna móra cónaitheachta, tráchtála agus tionscail. Tá áiseanna ann chun ranníocaíochtaí a íoc go céimniúil i gcás forbairtí móra nuair is gá sin. €1,802,972 san iomlán a bailíodh.

Caitheadh airgead ar oibreacha caipitil a bhain le Páirc Spraoi Ghranáird (€47,575), Conláiste Achadh na Cloiche (€25,000), Athchóiriú na Mainistreach i Mainistir Shruthla (€29,919).

## Pleanáil chun cinn

Tá an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn freagrach as gach Plean agus tionscnamh Forbartha a ullmhú, a chur le chéile agus taighde a dhéanamh orthu. Chuige sin, is díol suntais iad na nithe seo a leanas:

### Plean Forbartha Chontae Longfoirt 2003-2009

In 2005, rinneadh Athrú Ábharach ar Phlean Forbartha Chontae Longfoirt agus glacadh leis. Beidh an t-athrú i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2006 agus baineann sé leis an N4 ó Longfort go Droim ar Snámh agus Seachbhóthar N5 Longfoirt. Tá roinnt Athruithe Ábharacha eile ar Phlean Forbartha an Chontae agus beifear ag déanamh comhairliúchán poiblí ina leith go luath in 2006.

Táthar chun Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a dhéanamh ar Phlean Forbartha an Chontae in 2006. Tá sé i gceist chomh maith go ndéanfar an obair ullmhúcháin don athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae, athbhreithniú a bheidh dlite in 2007.

### Pleananna Ceantair Áitiúil agus Ráitis Bheartais Sráidbhaile

Déanann Pleananna Ceantair Áitiúil éascaíocht d'fhás pleanáilte do bhaile agus do shráidbhailte seanbhunaithe, lena féidir leis an bhforbairt tacú go leordhóthanach agus go cuí leis na pobail atá sna ceantair thuaithe.

Rinneadh aontú ar na Dréachtphleananna Ceantair Áitiúil seo a leanas i mí na Nollag 2005 agus beifear ag déanamh comhairliúchán poiblí orthu agus beifear ag lorg aighneachtaí go luath in 2006:

- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Ghranáird
- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Leasa Bhric

Áirítear ar an sceideal don phleanáil chun cinn roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil agus roinnt Ráiteas Beartais Sráidbhaile don bhliain 2006. Déanfar iad sin a ullmhú de réir fhorálacha an Achte um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus déanfar comhairliúchán poiblí nach beag ina leith. Ag tús 2006, cuirfear na dréachtphleananna seo a leanas faoi bhráid na Comhairle chun iad a aontú agus a chur ar fáil chun críche comhairliúcháin poiblí:

- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Dhroim Lis
- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Leasa Bhric
- Dréachtráiteas Beartais Sráidbhaile Ard-Achaidh

Táthar ag súil go mbeidh roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil agus roinnt Ráiteas Beartais Sráidbhaile eile ar fáil i rith 2006.

### Measúnú ar an Tírdhreach

Tá an obair ag dul ar aghaidh maidir le measúnú ar thírdhreach Chontae Longfoirt a chur le chéile. Cuirfidh an obair seo leis an mbeartas um an bplean forbartha reatha agus beidh treoir níos mine ann maidir dearadh forbairtí, lonnú agus saincheisteanna maidir le lonnú, agus dá bhrí sin cuidiú leis na treoirlínte i dtaca le Tithíocht Inmharthana Tuaithe a chur i bhfeidhm.

## Athnuachan Baile agus Sráidbhaile

D'éirigh thar barr le Comhairle Contae Longfoirt chomh fada agus a bhaineann leis an Scéim um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte. Is cuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 é an Clár um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte agus faigheann sé tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí an Aontais Eorpaigh. Is léiriú iontach é an scéim seo ar a mheáite is atá an Chomhairle gur áit níos fearr a bheadh i Longfort le hoibriú ann, le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air. Ní hamháin go bhfuil cuma níos fearr ar áiteanna de bharr na scéime ach beidh leas eacnamaíoch le baint aisti ag roinnt bailte agus sráidbhailte sa Chontae.

Ar na hoibreacha a cuireadh i gcrích faoin Scéim um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte sa bhliain 2005, tá cosán agus feabhasachán timpeallachta i nDroim Lis, i nGranárd, i Mainistir Shruthla, i mBaile Uí Mhatháin agus i mBaile Longfoirt. I rith 2005, chaith Comhairle Contae Longfoirt 575,599 Euro ar Scéimeanna um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte i gContae Longfoirt. Tá obair ar bun anois i dtaca le pleananna do leithdháileadh 2006 agus tá an Chomhairle meáite ar thabhairt faoi na tionscadail sin leis an díocais chéanna a bhain le pleanáil agus dul chun cinn go dtí seo.



*Oibreacha Feabhsúcháin Timpeallachta i nDroim Lis*

## Tionscadail Chonláiste agus Forbairt Pobail

Bhí an tOifigeach um Fhorbairt Pobail an-ghníomhach i scéimeanna agus forbairtí conláiste agus ag leibhéal an phobail. Sampla amháin díobh sin is ea an Pháirc Spraoi i nGranárd a tugadh chun críche in 2005. Beidh tacaíocht leanúnach ann do thionscadail agus do thionscnaimh phobalbhunaithe sa bhliain 2006.



*An Pháirc Spraoi i nGranárd*

## Forfheidhmiú agus Rialú Tógála

I rith 2005, ghlac an Chomhairle ról mór uirthi féin i dtaca le forfheidhmiú. Tháinig 105 cás faoi bhráid na Comhairle i rith 2005. I rith na bliana d'eisigh an Chomhairle 56 litir rabhaidh agus 48 fógra forfheidhmiúcháin. Cuireadh tús le himeachtaí dlí i gcás 11 cheann díobh. Rinneadh an chuid eile de na cásanna a réiteach chun sástacht na Comhairle.

In 2005, rinneadh 152 imscrúdú i dtaca le rialú tógála. Déanann an t-oifigeach um rialú tógála monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh na rialachán tógála, cuireann sé comhairle ar an bpobal agus freagraíonn sé ceisteanna gach lá ón bpobal i gcoitinne.



Tomás Mac Domhnaill  
Ceannaire Airgeadais

## Airgeadas

### Feidhmeanna

Is iad príomhfeidhmeanna Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Longfoirt:

- Spriocanna airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach.
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil rialuithe leordhóthanacha inmheánacha i bhfeidhm chun sócmhainní na héagraíochta a chosaint agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a chinntiú chomh maith.
- Deimhin a dhéanamh de, a mhéid agus is féidir, go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach ar fud na heagraíochta.

### Freagrachtaí

Tá an Roinn freagrach as:

- Cuntasaíocht Bhainistíochta agus Cuntasaíocht Airgeadais chomh maith le hullmhú na mBuiséad agus ullmhú na Ráiteas Airgeadais Bliantúil.
- Rialú Buiséad.
- Tuairisciú, tacaíocht agus comhairle airgeadais.
- Tuairisceáin airgeadais, idir inmheánach agus seachtrach.
- Bainistiú ar airgeadas gearrthréimhseach agus fadtréimhseach.
- Infheistíocht agus iasachtaí.
- Párolla.
- Íocaíochtaí na gCreidiúnaithe trí Rannóg an gCuntas Iníochta.
- Forbairt / feabhas ar na córais airgeadais.
- Árachas / Bainistiú Riosca.
- Rátaí.
- Iocaíochtaí Deontais Ard-Oideachais.
- Mótarcháin.

Tá an Rannóg Airgeadais ag cur i bhfeidhm na bprionsabal a tugadh isteach sa *Rialtas Áitiúil Níos Fearr – Clár um an Athrú* go seasta. Déantar athbhreithniú ar na córais bhainistíochta airgeadais agus na córais tuairiscithe agus déantar iad a thabhairt cothrom le dáta agus iad a fheabhsú go seasta. I rith na bliana 2004 cuireadh an tsaoráid Paypath i bhfeidhm do na fostaithe.

### Iníúchadh Inmheánach

Is feidhm neamhspleách é an tIníúcháireacht Inmheánach agus tá sé de fhreagracht air athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar fud na réimsí ar fad laistigh de Chomhairle Contae Longfoirt. Déanann sé imscrúdú ar bhainistiú riosca, ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha, agus ar úsáid éifeachtach agus eacnamúil acmhainní agus tuairiscíonn sé ar na hábhair sin chomh maith. Sonraíonn an Chairt Iníúchtaí Inmheánacha ról agus freagrachtaí an Iníúcháir Inmheánaigh agus freagrachtaí an Lucht Bainistíochta.

### Cleachtais loca

Tá feidhm ag forálacha an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach ar Idirbhearta Trádála) 2002 maidir le Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt.

Ta córais i bhfeidhm ag an dá Údarás Áitiúil chun a chinntiú nach dtabhófar pionóis úis. I líon beag cásanna, áfach, tharla go raibh roinnt íocaíochtaí déanacha ann sa bhliain 2005 mar seo a leanas:

## Comhairle Contae Longfoirt

Líon na n-íocaíochtaí déanacha atá níos airde ná €317 an ceann	25
Luach na n-íocaíochtaí déanacha atá níos airde ná €317 an ceann	€1,016,421.78
Luach na n-íocaíochtaí déanacha uile mar chéatadán de na híocaíochtaí uile le soláthróirí	1.4053%
Luach iomlán na bpionóis úis	€7393.98
Meánmhoill a bhí ar íocaíochtaí déanacha	56 lá

## Cothú spéise sa Phobal Áitiúil

€29,391 a caitheadh ar Chothú Spéise sa Phobal Áitiúil in 2005. Ní raibh aon ioncam ann faoin gceannteideal seo in 2005.

## Comhairle Baile Longfoirt

Níor íocadh pionós úis ar bith in 2005.

Déantar gach iarracht chun an tAcht agus na Rialacháin a chomhlíonadh chomh maith le pionós úis a sheachaint. Tá nósanna imeachta ann a chinntíonn go ndéantar de réir na reachtaíochta agus deimhníonn siad go reasúnta, ach ní go dearfach, nach mbíonn neamhchomhlíonadh ábharthach i gceist.

## Deontais Ard-Oideachais

Roimh 1968 ba iad na Comhairlí agus na Bardais Chontaebhuirge a thugadh deontais do mhic léinn a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí dara agus tríú leibhéal. Chuir an tAcht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968 deireadh le deontas a chur ar fáil d'oideachas ag an dara leibhéal agus rinneadh athbheithniú ar chóras an ndeontas don oideachas tríú leibhéal. Cuirtear deontais ar fáil ar bonn céimnithe agus d'fhéadfadh airgead cothabhála i bheith gceist mar aon le táillí sa chás nach mbíonn díolúine ar tháillí ann. Formhór an chostais, faightear ar ais ón Roinn Oideachais é agus bíonn an tÚdarás Áitiúil freagrach as suim a bhíonn combhionann le luach na ndeontas a dhámh an Chomhairle sa bhliain airgeadais 1967.

### An Bhliain Acadúil 2005/2006:

Líon na ndeontas dáfa	84
Líon na n-athnuachan eisithe	237
Líon iomlán na mac léinn atá ag fáil Deontais Ard-Oideachais	321
Suim iomlán na dtáillí íoctha	€290,682.00
Suim iomlán na cothabhála íoctha	€1,014,791.50
Líon na mac léinn ag freastal ar choláistí Éireannacha	311
Líon na mac léinn ag freastal ar choláistí sa Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann san áireamh)	10



## Mótarcháin

Eisíonn an Oifig Mótarchánach ceadúnais (dioscaí cánach) feithicle, ceadúnais tiomána agus cáipéisí gaolmhara cosúil le teastais ródacmhainneachta, teastais cheadúnaithe feithicle, cártaí ceadúnais leantóra, admhálacha, etc. An t-ioncam a bhaineann leo seo, aistrítear chuig an gCiste Rialtais Áitiúil é, ciste atá faoi rialú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

€5,976,008 san iomlán a fuarthas in 2005.

### Miondealú ar Ioncam Mótarchánach – 2005

	Líon na ndirbhearta	Méid €
Ceadúnais Feithicle	28,697	5,723,434
Ceadúnais Tiomána	4,285	6,555
Teastais Ródacmhainneachta	2,400	17,995
Ceadúnais Trádála	78	20,701
Fáltais Ilghnéitheacha	2,857	147,323
<b>IOMLÁN</b>	<b>38,317</b>	<b>5,976,008</b>

### Ceadúnais Feithicle Eisithe – 2005

Príobháideach	22,554
Earraí	4,245
Rothair	121
Tarracóirí	1,088
Feithiclí Seirbhíse Poiblí	175
Eile (atheisiúintí san áireamh)	514

### Ceadúnais Tiomána Eisithe – 2005

Ceadúnas Tiomána Bliana	43
Ceadúnas Tiomána 3 Bliana	477
Ceadúnas Tiomána 10 mBliana	1,488
Ceadúnas Sealadach Tiomána Bliana	531
Ceadúnas Sealadach Tiomána 2 Bbliana	1,746

Ina theannta sin d'eisigh an tSeirbhís Mhótharchánach Ar-líne 2,841 ceadúnas feithicle i rith 2005. Eisítear na dioscaí sin go díreach ón Aonad Clárúcháin Feithiclí i Sionainn, Co. an Chláir.

An Oifig Clárúcháin Feithiclí (na Coimisinéirí Ioncaim) a riarann clárúcháin feithicle nua agus cláraíodh 1553 feithicil nua do Longfort in 2005.

### Táscairí na Seirbhíse Mótarchánach – 2005

**M1** Céatadán na ndirbhearta Mótarchánach a ndéileáiltear leo:

- thar an gcuntar = 79.13%
- tríd an bpost = 13.52%
- ar-líne = 7.35%

**M2** Líon na n-iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (a eisítear) ó dháta faighte an iarratais:


- Ar an lá céanna = 5103
- Ar an tríú lá nó níos luaithe = 0
- Ar an gcúigiú lá nó níos luaithe = 0
- Tar éis 5 lá = 0

% na n-iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (a eisítear) ó dháta faighte an iarratais:


- Ar an lá céanna = 100%
- Ar an tríú lá nó níos luaithe = 0%
- Ar an gcúigiú lá nó níos luaithe = 0%
- Tar éis cúig lá = 0%

**M3** Uaireanta an chloig oscailte don phobal = 35 uair an chloig sa tseachtaine (9.30am go 4.30pm, Luan go hAoine)


## Caiteachas Ioncaim




## Foinsí Ioncaim



## Caiteachas Caipitil



## Ioncam Caipitil



## Tithe críochnaithe agus ceannaithe ag an Údarás Áitiúil 2000–2004

	Críochnaithe					Ceannaithe					Iomlán
	2000	2001	2002	2003	2004	2000	2001	2002	2003	2004	
<b>Comhairlí Contae</b>											
Corcaigh	214		179	113	303	114	111	87	60	113	1,548
Dún na nGall	84		210	176	181	15	28	11	5	13	1,323
Loch Garman	143		132	191	144	16	26	21	9	21	1,042
Ciarraí	94		167	81	169	8	4	6	1	55	843
Baile Átha Cliath Theas	33		147	86	140	61	55	15	3	20	778
Fine Gall	107		51	26	107	11	30	5	0	0	734
Lú	94		103	72	90	21	25	6	2	44	714
Cill Dara	99		118	61	179	25	13	7	27	11	682
An Cabhán	78		67	37	93	4	27	4	2	4	677
Cill Mhantáin	126		115	70	122	10	45	25	4	5	650
An Mhí	83		139	54	164	7	6	4	5	1	638
Gaillimh	71		81	83	113	6	13	22	14	26	558
Laois	33		48	48	107	20	21	9	3	21	540
Sligeach	53		25	50	68	20	40	22	15	33	535
Luimneach	69		57	36	58	21	30	14	4	15	520
An Iarmhí	81		4	100	39	22	40	10	1	25	504
<b>Longfort</b>	<b>44</b>		<b>58</b>	<b>36</b>	<b>102</b>	<b>31</b>	<b>44</b>	<b>20</b>	<b>12</b>	<b>27</b>	<b>484</b>
Dún Laoghaire-Ráth Dúin	132		38	11	63	19	35	26	4	1	448
Uíbh Fhailí	78		65	59	61	13	12	11	3	11	436
Port Láirge	48		65	48	50	9	22	0	0	19	428
Tiobraid Árann Thuaidh	38		50	13	71	10	17	4	2	10	420
Maigh Eo	82		102	114	108	3	2	0	1	2	416
An Clár	73		104	20	71	8	34	55	19	53	412
Tiobraid Árann Theas	75		78	62	56	6	0	5	0	10	409
Ceatharlach	56		39	34	99	5	19	18	6	16	374
Muineachán	26		9	50	104	6	16	9	13	5	337
Cill Chainnigh	26		33	38	70	17	13	16	9	40	320
Ros Comáin	34		13	18	36	10	18	11	4	5	307
Liatroim	38		30	32	53	2	4	5	0	2	255
<b>Comhairlí Cathrach</b>											
Baile Átha Cliath	143	311	500	531	278	361	505	180	157	219	3,185
Corcaigh	102	69	148	62	172	106	95	24	53	109	940
Gaillimh	56	47	77	320	25	4	5	0	0	9	543
Port Láirge	49	21	156	164	26	1	26	3	1	0	447
Luimneach	35	153	13	16	32	11	19	16	17	26	338
<b>Iomlán</b>	<b>2,204</b>	<b>3,622</b>	<b>4,403</b>	<b>4,516</b>	<b>3,539</b>	<b>1,003</b>	<b>1,400</b>	<b>671</b>	<b>456</b>	<b>971</b>	<b>22,785</b>

# Líon Iomlán na Leithdhálte Deontais le hÚdaráis Áitiúla do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Taobh amuigh den Scéim Feabhsúcháin Áitiúil agus nithe ilghnéitheacha eile 2005–2006

	Km	2004	In aghaidh an Km	2005	In aghaidh an Km	% an Athraithe
<b>Comhairlí Contae</b>						
Dún Laoghaire-Ráth Dúin	596	8,901,296	14,935	9,205,000	15,445	3%
Baile Átha Cliath Theas	708	14,170,464	20,015	10,290,069	14,534	(27%)
Cill Dara	2,086	27,606,720	13,234	26,839,606	12,866	(3%)
An Mhí	2,906	29,429,220	10,128	29,764,921	10,244	1%
Cill Mhantáin	1,964	12,322,095	6,274	17,803,000	9,065	44%
Uíbh Fhailí	1,838	8,442,548	4,593	13,952,000	7,591	65%
Fine Gall	954	9,360,432	9,812	7,225,389	7,574	(23%)
Lú	1,147	6,534,192	5,697	7,440,500	6,487	14%
Ceatharlach	1,106	5,933,072	5,364	6,962,000	6,295	17%
Muineachán	2,366	13,296,076	5,619	14,300,000	6,044	8%
Dún na nGall	5,996	26,302,155	4,387	35,399,000	5,904	35%
An Cabhán	2,858	14,588,225	5,105	15,635,000	5,471	7%
<b>Longfort</b>	<b>1,422</b>	<b>7,069,578</b>	<b>4,973</b>	<b>7,748,600</b>	<b>5,451</b>	<b>10%</b>
Liatroim	2,109	9,613,026	4,559	11,180,000	5,302	16%
Laois	1,946	8,311,234	4,272	9,919,000	5,098	19%
An Iarmhí	1,997	8,220,961	4,116	10,154,000	5,084	24%
Loch Garman	3,197	14,173,051	4,433	16,074,000	5,028	13%
Port Láirge	2,481	10,146,627	4,089	12,343,000	4,975	22%
Luimneach	3,392	15,365,246	4,530	16,859,000	4,971	10%
Sligeach	2,549	10,434,662	4,093	12,444,000	4,882	19%
Ciarraí	4,220	17,608,128	4,172	20,595,500	4,880	17%
An Clár	3,905	16,845,333	4,314	18,942,000	4,851	12%
Tiobraid Árann Theas	2,700	10,531,110	3,900	12,879,500	4,770	22%
Gaillimh	6,055	24,163,573	3,990	28,788,604	4,754	19%
Tiobraid Árann Thuaidh	2,454	9,520,405	3,880	11,175,000	4,555	17%
Cill Chainnigh	2,850	10,864,021	3,812	12,920,500	4,534	19%
Corcaigh	11,582	40,710,561	3,515	50,501,500	4,360	24%
Maigh Eo	5,767	20,150,208	3,494	24,417,500	4,234	21%
Ros Comáin	4,000	12,861,484	3,215	15,254,000	3,813	19%
<b>Comhairlí Cathrach</b>						
Luimneach	162	4,258,846	26,241	4,220,122	26,002	(1%)
Port Láirge	146	9,268,688	63,397	3,773,142	25,808	(59%)
Corcaigh	363	6,570,037	18,114	7,360,000	20,292	12%
Baile Átha Cliath	1,134	14,442,957	12,732	14,523,816	12,803	1%
Gaillimh	194	2,083,155	10,743	2,203,000	11,362	6%
<b>Iomlán</b>		<b>460,099,386</b>		<b>519,092,269</b>		

## Leithdháileadh ó Chiste an Rialtais Áitiúil 2005–2006

			Athrú	Daonáireamh	In aghaidh gach duine	
	2005	2006	%	2002	2005	2006
<b>Comhairlí Contae</b>						
<b>Longfort</b>	<b>12,353,407</b>	<b>13,296,084</b>	<b>7.6%</b>	<b>24,237</b>	<b>510</b>	<b>549</b>
Liatroim	13,042,453	14,128,356	8.3%	25,799	506	548
Tiobraid Árann Theas	19,789,995	21,576,779	9.0%	50,891	389	424
Sligeach	15,133,048	16,617,403	9.8%	39,727	381	418
Port Láirge	18,899,048	20,618,871	9.1%	49,732	380	415
Tiobraid Árann Thuaidh	16,411,968	17,775,415	8.3%	45,878	358	387
Ros Comáin	19,269,608	20,646,920	7.1%	53,774	358	384
Maigh Eo	32,398,200	34,973,227	7.9%	92,367	351	379
Ceatharlach	10,678,407	11,791,970	10.4%	32,796	326	360
Muineachán	13,259,787	14,363,459	8.3%	41,479	320	346
An Cabhán	16,804,354	18,075,814	7.6%	53,008	317	341
Dún na nGall	35,733,005	38,547,272	7.9%	124,512	287	310
An Iarmhí	18,091,526	19,562,134	8.1%	64,504	280	303
Uíbh Fhailí	13,520,069	14,662,707	8.5%	49,803	271	294
Laois	15,968,396	17,019,082	6.6%	58,774	272	290
Cill Chainnigh	17,857,370	19,226,389	7.7%	71,748	249	268
Ciarraí	23,495,997	25,497,932	8.5%	96,476	244	264
Cill Mhantáin	17,499,710	18,791,404	7.4%	71,446	245	263
Lú	11,492,694	12,083,486	5.1%	46,103	249	262
Gaillimh	32,589,234	35,296,907	8.3%	137,261	237	257
An Mhí	23,796,716	26,089,431	9.6%	126,630	188	206
Loch Garman	19,099,527	20,163,308	5.6%	98,573	194	205
Luimneach	22,470,206	24,160,987	7.5%	121,281	185	199
Dún Laoghaire-Ráth Dúin	34,804,777	36,832,637	5.8%	191,792	181	192
An Clár	14,040,299	14,741,484	5.0%	81,748	172	180
Corcaigh	49,139,575	51,554,596	4.9%	288,113	171	179
Cill Dara	21,826,897	23,893,115	9.5%	139,607	156	171
Fine Gall	28,860,836	30,317,184	5.0%	196,413	147	154
Baile Átha Cliath Theas	23,404,826	24,638,923	5.3%	238,835	98	103
<b>Comhairlí Cathrach</b>						
Luimneach	10,348,435	10,932,934	5.6%	54,023	192	202
Corcaigh	22,014,342	24,190,814	9.9%	123,062	179	197
Baile Átha Cliath	87,257,583	92,187,394	5.6%	495,781	176	186
Port Láirge	7,509,937	8,030,490	6.9%	44,594	168	180
Gaillimh	8,310,087	8,765,669	5.5%	65,832	126	133



## Ráiteas Cuntais ar Ioncam & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

Tugann an Ráiteas Cuntais ar Ioncam agus Caiteachais ioncam agus caiteachais a bhaineann le cánach le chéile. Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

	Ollchaiteachas	Ioncam	Glan – chaiteachas	Glan – chaiteachas
	€ 2005	€ 2005	€ 2005	€ 2004
<b>Caiteachas an Chlárghrúpa</b>				
Tithíocht & Tógáil	3,700,942	3,464,097	236,846	(79,396)
Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair	13,196,882	9,329,623	3,867,259	3,636,268
Uisce & Séarachais	5,679,824	2,312,015	3,367,810	2,549,523
Dreasachtaí Forbartha & Rialúcháin	1,844,743	815,046	1,029,697	11,251
Cosaint Chomhshaoil	4,266,401	868,990	3,397,411	2,930,821
Áineas & Taitneamhacht	1,731,488	251,110	1,480,378	1,380,455
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,879,440	2,387,981	491,459	453,321
Ilghnéitheach	2,238,298	836,043	1,402,255	1,151,439
<b>Ioncam/Caiteachas Iomlán</b>	<b>35,538,019</b>	<b>20,264,905</b>		
<b>Glanchoistas na gclár le bheith maoinithe ó Rátaí &amp; Ciste an Rialtais Áitiúil</b>			<b>15,273,114</b>	12,033,682
Rátaí			3,746,626	2,782,237
Ciste an Rialtais Áitiúil – Deontas Ilchuspóireach			12,508,061	11,266,561
Muirear an Chontae			1,106,400	678,400
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe</b>			<b>2,087,973</b>	2,693,516
<b>Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí</b>			<b>(2,374,535)</b>	<b>(1,525,169)</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain</b>			<b>(286,562)</b>	1,168,347
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2005</b>			1,527,470	359,123
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2005</b>			<b>1,240,908</b>	1,527,470

## Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2005

	Notes	2005 €	2004 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Feidhmiúil		113,664,524	107,498,942
Infrastruchtúrach		860,755,212	864,314,080
Pobal		184,296	107,116
Neamhfheidhmiúil		9,630,609	11,601,858
		<b>984,234,641</b>	<b>983,521,996</b>
<b>Obair atá ar siúl agus Réamhchostais</b>	2	<b>29,473,515</b>	<b>17,657,617</b>
<b>Féichiúnaithe Fádtréimhseacha</b>	3	<b>27,814,107</b>	<b>27,878,404</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	4	71,108	62,566
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	5,629,385	5,625,665
Infheistíochtaí Bainc		8,600,036	5,300,000
Airgead sa Bhanc		0	0
Airgead ar Láimh		124,968	575,737
Cuntas Uirbeach	7	0	0
		<b>14,425,496</b>	<b>11,563,968</b>
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Rótharraingt Bhainc		2,764,667	592,302
Féichiúnaithe & Fabhruithe	6	5,172,154	4,287,519
Léasanna Airgeadais			0
		<b>7,936,821</b>	<b>4,879,821</b>
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>		<b>6,488,675</b>	<b>6,684,147</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)</b>			
Iasachtaí le hÍoc	8	36,089,807	37,220,184
Léasanna Airgeadais		0	0
Taiscí Inaisíochta	9	482,146	425,904
Eile		0	0
		<b>36,571,953</b>	<b>37,646,088</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>1,011,438,985</b>	<b>998,096,076</b>
<b>Arna n-airgeadú ag</b>			
Cuntas Caipitlithe	10	984,234,641	983,521,996
Ioncam d'obair atá ar siúl	2	31,037,961	21,199,203
Sainchúlchiste Ioncaim		17,750	17,750
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		1,240,908	1,527,470
Iarmhéideanna eile	11	(5,092,275)	(8,170,343)
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>1,011,438,985</b>	<b>998,096,076</b>

## Nótaí faoi agus Mar Chuid de na Cuntais

### Sócmhainní Seasta

	Talamh €	Páirceanna	Tithíocht €	Foirgnimh €	Meaisínre (Saol Fada & Saol Gearr) €	Ríomhairí, Troscán & Trealamh €	Oidhreacht €	Gréasán Bóithre €	Gréasán Uisce & Séarachais €	Iomlán €
<b>Costais</b>										
Costais Charmtha @ 1ú Eanáir 2005	7,754,080		98,612,271	11,364,402	1,936,401	214,278	74,225	720,004,000	206,378,547	1,046,338,205
Rudaí Breise										
Ceannaithe	910,455		2,210,563		197,224	117,853				3,436,094
Aistrithe WIP		96,475	6,334,769							6,431,244
Diúscairtí	(2,911,453)		(2,369,349)							(5,280,802)
Athluacháil										
Costais Charmtha @ 31ú Nollaig 2005	5,753,081	96,475	104,788,254	11,364,402	2,133,625	332,131	74,225	720,004,000	206,378,547	1,050,924,741

### Dímheas

Dímheas @ 1ú Eanáir 2005					655,190	92,553			62,068,467	62,816,209
Soláthar don Bhliain		19,295			230,899	64,828			3,558,868	3,873,891
Diúscairtí										
Dímheas Carmtha @ 31ú Nollaig 2005	0	19,295	0	0	886,089	157,381	0	0	65,627,335	66,690,100

<b>Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2005</b>	5,753,081	77,180	104,788,254	11,364,402	1,247,536	174,751	74,225	720,004,000	140,751,212	984,234,641
<b>Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2004</b>	7,754,080	0	98,612,271	11,364,402	1,281,212	121,726	74,225	720,004,000	144,310,080	983,521,996

### Glanluach Leabhair trí Chatagóir

Feidhmiúil	1,166,181		104,788,254	6,287,802	1,247,536	174,751				113,664,524
Infrastruchtúrach								720,004,000	140,751,212	860,755,212
Pobal	32,892	77,180					74,225			184,296
Nearnfheidhmiúil	4,554,009	0		5,076,600						9,630,609
<b>Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2005</b>	5,753,081	77,180	104,788,254	11,364,402	1,247,536	174,751	74,225	720,004,000	140,751,212	984,234,641



Comhairleoir Barney Steele  
Cathaoirleach an Choiste um Pholasaí Straitéiseach,  
Forbairt Eacnamaíochta, Athnuachan Cathrach agus Tuaithe,  
Polasaithe Cultúrtha agus Siamsaíochta



Proinsias Ó Sioradain  
Stiúrthóir Seirbhísi

## Beartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe, Beartas Chúlúirtha agus Áineasa

### Bord Forbartha Contae Longfoirt

Tá 29 ball ag an mBord ó cheithre éarnáil mar seo a leanas:

#### Rialtas Áitiúil (7 mball)

An Comhairleoir Alan Ó Misteal, Cathaoirleach an Bhoird, Ms Máire Ní Giolla Bride-Harcán, Mr Máirtín Ó Feargháill, Mr Barney Steele, Mr Aidrian Ó Feargháill, Comhairle Contae Longfoirt. Mr Fintan Flood, Comhairle Baile Ghranáird, Mr Michéal Ó Cillín, Bainisteoir Chontae Longfoirt.

#### Forbairt Áitiúil (7 mBall)

Ms Monica O'Malley, Ms Tess Murphy, Mr Oliver Cassidy, Longford Community Resources Ltd., Mr Michéal MacCnámhí, Ms Beatrice Cunningham, Bord Fiontar Contae Longfoirt. Ms Josephine Stroker, Longford Acorn Project, Ms Helen O'Brien, Longford County Childcare Committee.

#### Gníomhaireachtaí Stáit (10 mBall)

An Ceannfort Martin McGuire (An Garda Síochána), Ms Frances Flynn (Midland East Regional Tourism), Ms Gillain Monsell (IDA Ireland), Mr Simon Cavanagh (Enterprise Ireland), Mr Larry Bane (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Mr Denis Galvin (An Roinn Leasa Shóisialaigh), Mr Gerry Johnston (FÁS), Mr Des Keegan (Teagasc), Ms Josephine O'Donnell (CGO Chontae Longfoirt), Mr Séamus Murray (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta).

#### Comhpháirtithe Sóisialta (5 bhall)

Mr George Shedwell (Comhar Ceardchumann na hÉireann), Ms Edith Durojaiye, Mr Parvez Ahmed Butt (An Earnáil Phobail agus Dheonach), Mr James Brady (An Earnáil Feirmeoireachta), Gan líonadh (An Earnáil Ghnó).

## Athbhreithniú ar an Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúir Chontae Longfoirt

### Cuspóir an Athbhreithnithe

Straitéis deich mbliana atá sa Bhealach Chun Cinn, a leagann amach tosaíochtaí an chontae tríd is tríd. Tá an Straitéis agus an Plean um Chur-i-nGníomh fós ina dtreoircháipéisí ag an CDB.

I mí Eanáir 2005, d'iarr an roinn ar gach Bord Forbartha Contae agus Cathrach athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid straitéisí 10 mbliana. Ba chóir gurb é a bheadh mar thoradh ar an athbhreithniú, go háirithe:

- Go roghnófaí líon teoranta príomhthosaíochtaí agus gníomhartha a ndíreoidh an CDB orthu sna trí bliana amach romhainn
- Fócas ar ghníomhartha comhtháite atá dírithe ar chur chuige níos iomlánaithe i leith seachadadh seirbhíse áitiúla agus baint ag gníomhaireachtaí cuí leis an bhfócas sin; agus
- Clár oibre sainmhínithe do 2006-2008

### Próiseas Ullmhúcháin an Athbhreithnithe

D'aontaigh an Bord ar phlean oibre a leagann amach an cur chuige agus an mhodheolaíocht don Athbhreithniú. Go himhneánach a rinneadh an t-athbhreithniú bunaithe ar chomhairle le baill an CDB agus le daoine eile trí chomhairle duine ar dhuine agus ceardlann speisialta pleanála a reáchtáladh i mí na Samhna 2005.

Cuireadh cáipéis athbhreithnithe i dtaca leis an gcur i ngníomh go dtí sin le chéile do gach mír den Straitéis, idir eacnamaíoch, sóisialta agus chultúr. Shonraigh an cháipéis sin nithe a baineadh amach, nithe nár cuireadh tús leo agus réimsí a raibh dul chun cinn breise de dhíth orthu. Seo a leanas briseadh síos ar na gníomhartha:

#### Mír Eacnamaíoch

- Iomlán na nGníomhartha – 227
- Bainte amach / ar siúl – 195

#### An mhír Chultúir / Spóirt & Caithimh Aimsire

- Iomlán na nGníomhartha – 123
- Bainte amach / ar siúl – 102

#### An Mhír Shóisialta

- Iomlán na nGníomhartha – 467
- Bainte amach / ar siúl – 400

As an 817 gníomh ar fad, tá 697 bainte amach nó ar siúl i gcónaí.

### Tacaíonn an Bord Forbartha Contae le Pleananna na nGníomhaireachta Forbartha Áitiúla

Tá sé ina phríomhról ag an mBord Forbartha Contae (CDB) seachadadh níos comhtháite a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí agus seirbhísí forbartha áitiúla ag leibhéal áitiúil. Is cuid lárnach den ról comhtháite é, maíreacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise deich mbliana trí na gníomhaireachtaí ábhartha lena n-áirítear pleananna forbartha áitiúla. Thóg an Grúpa Oibre um Bearta Uilechumseachta Sóisialta pleananna na ngníomhaireachtaí forbartha áitiúla san áireamh chun comhordú níos fearr na bpleananna a éascú agus ar a moladh siúd thacaigh an CDB leis an bplean.

### Struchtúir agus Clár Forbartha Áitiúla agus Pobail – Tograí le haghaidh Comhthathú Feabhsaithe

Sa bhliain 2004 d'iarr an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus *Area Development Management Ltd* ar ghrúpaí forbartha pobail agus áitiúla, bearta a thabhairt chun cinn le haghaidh ailíniú feabhsaithe struchtúr. Tá an próiseas seo á chomhordú ag leibhéal áitiúil ag an mBord Forbartha Contae. Tionóladh cruinnithe i rith na bliana le gníomhaireachtaí forbartha áitiúla tríd an nGrúpa Oibre um Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta (SIMWG) chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo. Ag tús 2005 cuireadh aighneacht chomhtháite faoi bhráid na Roinne agus ceadaíodh €74,000 i mí na Samhna 2005. Tabharfar an maoiniú sin do roinnt tionscadal.

I mí Mheán Fómhair 2005, iarradh glaoh ar thograí um Chomhthathú feabhsaithe agus ar thograí faoi obair dheonach. Chuir an ghníomhaireacht forbartha áitiúla aighneacht le chéile i gcomhar leis an SIMWG agus d'fhaomh an Bord Forbartha Contae é. Níor ceadaíodh aon mhaoiniú go dtí seo.

### Fóram Pobail agus Deonach Longfoirt

Ceann de na Comhpháirtithe Sóisialta is ea an Eanáil Phobail agus Dheonach agus déanann 2 bhall ionadaíocht dó ar an mBord Forbartha Contae. Tá 144 eagraíocht ar fud an chontae cleamhnaithe le Fóram Pobail agus Deonach Longfoirt. Feidhmíonn Scáth-Fhóram 31 ball mar Ghrúpa Stiúrtha ag leibhéal an Chontae agus gníomhaíonn sé mar nasc idir an Bord agus an pobal níos leithne. Reáchtáil an grúpa stiúrtha 10 gcruinniú in 2005.

#### Seo a leanas baill Choiste an Ghrúpa Stiúrtha:

An Cathaoirleach	Harry Farrell
An Leas-Chathaoirleach	John Channon
An Rúnaí	Patricia Rouiller
An Cisteoir	Nini Stevenson
An tOifigeach Caidrimh Phoiblí	Pavrez Ahmed Butt

#### Ainmnítear baill an Ghrúpa Stiúrtha ar na struchtúir seo a leanas:

- Bord Forbartha Contae Longfoirt
- Coiste Cúraim Leanáí an Chontae
- An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí
- Coistí Beartas Straitéiseach an Údaráis Áitiúil
- Longford Community Resources Ltd

- Seirbhís Óige Chontae Longfoirt
- An tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh
- Fóram Oidhreacht an Chontae

Cuireann an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta acmhainní agus tacaí ar fáil don Fhóram Pobail agus Deonach. Coinníonn an rannóg sin bunachar sonraí d'eagraíochta cláraithe Pobail agus Deonacha sa Chontae. Ó mhí Mheán Fómhair 2005 i leith, tá Oibrí Tacaíochta lánaimseartha fostaithe ag Comhairle Contae Longfoirt le hoibriú leis an bhFóram.

### Fóram na bPríomhoidí Iar-Bhunscoile

Reáchtáil Fóram na bPríomhoidí Iar-Bhunscoile cruinniú, a ndearna an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta éascaíocht dó, an 29 Aibreán 2005.

Seo a leanas na réimsí ar tugadh aghaidh orthu:

- Riachtanais Speisialta
- Foréigean Teaghlaigh

### Comhairle na nÓg

Tá sé mar chéadsprioc ag an Straitéis Náisiúnta Leanaí go “mbeidh cead cainte ag leanaí i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu agus [go d]tabharfar aird chuí ar a gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.” Is é an Bord Forbatha Contae atá freagrach as Comhairle na nÓg a eagrú. Tionóladh imeacht na bliana seo i gClub Rugbaí Longfoirt, an Satharn, 10 Nollaig agus eagraíodh i gcomhar le Foróige í. Ghlac daoine óga dir 12-17 bliana d’aois ón gContae páirt ar an lá.

I measc na saincheisteanna a pléadh ar an lá, bhí an timpeallacht, imirce, idirchultúrachas, áiseanna na n-óg agus mí-úsáid drúgaí agus alcóil. Chaith na rannpháirtithe am nach beag ag déanamh plé agus díospóireachta ar cheisteanna agus d’eascair roinnt moltaí soiléire as an lá. I measc na moltaí sin bhí an gá atá le tuilleadh clubanna agus grúpaí do dhaoine óga, áit shábháilte chun buailleadh le chéile ann, dianphionóis as mhí-úsáid drúgaí, CCTV a chur isteach in áiteanna ina mbíonn dumpáil mhídhleathach ar siúl go minic, uimhir shaorghlao chun tuairisc a thabhairt ar dhumpáil mhídhleathach agus deiseanna imeasctha a sholáthar sa phobal go ginearálta do dhaoine nach de bhunadh na tíre seo iad.

Toghadh ceathrar duine óg mar ionadaithe do Longfort ag Dáil na nÓg an 25 Márta 2005 i mBaile Átha Cliath. Is iad seo a leanas an ceathrar a toghadh: Síona Cahill, Michael Cunningham, Daphne Howard agus Jennifer Rogers. Tugann Dáil na nÓg deis do dhaoine óga a thoghtar go daonlathach ar fud na tíre ceisteanna plé agus díospóireacht a dhéanamh ar cheisteanna ar chóir don rialtas tús áite a thabhairt dóibh, dar leo, agus freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna ó dhaoine fásta a bhfuil sé mar chúram orthu éisteach leo agus áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú agus le spraoi a bhaint as a dhéanamh de Longfort agus as an tír trí chéile. Aontáíodh go daonlathach gurb iad an dá théama a chuirfidh an toscaireacht faoi bhráid Dháil na nÓg ná “Áiseanna don Óige” agus “Míbhuntáiste Oideachasúil”.

### Rannpháirtithe Chomhairle na nÓg



*Chun Tosaigh: Síona Cahill, Carrickedmond, Cait Farrell, Carrickedmond, Michelle Lally, Longfort, Jennifer Rogers, Moyvore, Alma Hussey, Longfort. Sa Lár: Daphne Howard, Longfort, Ashley Dennigan, Béal Átha Liag, Aoife Dempsey, Longfort, Amy Toolan, An Curragh Rua. Back Row: Andrew Gorman, Longfort, Deirdre Leavy, Tearmann Barra, Aaron Casey, Cill na Sí, Sheena Cassidy, Baile na Muc agus Michael Cunningham, Carrickedmond. Pictiúr le Willie Farrell*



## Ionadaithe Longfoirt do Dháil na nÓg, an 25 Márta 2006



*Daphne Howard, Longfort, Michael Cunningham, Carrickedmond, Jennifer Rogers, Moyvore agus Síona Cahill, Carrickedmond. Pictiúr le Willie Farrell.*

### Comórtas Náisiúnta Mórtas Áite

Ar aidhm atá leis an gcomórtas “Mórtas Áite” ná dea-chleachtas a spreagadh, nuálaíocht agus ceannaireacht do phobail inmharthana a sholáthar a fheabhsaíonn caighdeán saoil gach duine. *Edgeworthstown District Development Association* a rinne ionadaíocht do Chontae Longfoirt i gComórtas Náisiúnta na bliana seo. Rinneadh iad a mheas ar an gCéadaoin, an 8 Meitheamh. Rinneadh cur i láthair a leag béim ar na tionscadail ar thug an pobal fúthu, mar shampla seirbhís chúraim leanaí earnála, clubanna i ndiaidh scoile, áiseanna caithimh aimsire agus conláiste, cúrsaí um fhilleadh ar oideachas a reáchtáil mar aon le gnéithe stairiúla an cheantair agus tiomantas agus pleanáil bhail an chumainn forbartha agus phobal Mheathas Troim. Chuathas i bhfeidhm go mór ar na moltóirí agus bhraith siad tiomantas, comhoibriú agus mórtas áite Mheathas Troim go dáiríre. Reáchtáladh searmanas na ngradam náisiúnta i Halla na Cathrach, Béal Feirste, i mí Dheireadh Fómhair.

### CLÁR

Is clár é CLÁR a thugann aghaidh ar laghdú daonra agus easpa seirbhísí i gceantair thuaithe. Cuirfidh CLÁR dlús faoi chaiteachas an Phlean Forbartha Náisiúnta i gceantair thuaithe faoi leith. I gCo. Longfoirt is iad na ceantair atá roghnaithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ná codanna de Longfort Thuaidh agus Codanna de Longfort Thiar Theas. Tá an Bord Forbartha Contae ag cabhrú leis an Roinn i riaradh an Chláir go háitiúil. I rith na bliana 2005, chuir CLÁR airgead breise ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail áirithe i gceantair CLÁR.

### RAPID

Seasann RAPID do *Revitalisation of Areas through Planning, Investment and Development*; roghnaíodh baile Longfoirt ina iomláine don chlár seo. Déanann an Fhoireann Feidhmithe Ceantair (AIT) maoirseacht ar an gclár uilechuimsitheachta sóisialta seo go háitiúil agus stiúránn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an clár go náisiúnta. Gníomhaireachtaí reachtúla; gníomhaireachtaí Forbraíochta a bhfuil cúram seirbhíse orthu sa bhaile; agus ionadaithe pobail atá san AIT. Fuair RAPID maoiniú 100,000 d’fheabhsúcháin eastáit do 2005-2006; fuair an clár maoiniú chomh maith do bhearta ceannsaithe tráchta agus d’áiseanna súgartha do leanaí. Fuair an HSE maoiniú 80,000 euro chomh maith.

# Seirbhísí Corparáideacha

## Saoráil Faisnéise

### Iarratais faoi Shaoráil Faisnéise 2005

Fuarthas 10 n-iarratas FOI (8 Neamhphearsanta agus 2 Pearsanta) i rith 2005 ó lucht gnó, ó iriseoirí agus ón bpobal i gcoitinne. Ní dhearnadh aon achomhairc go himmheánach ná go seachtrach chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

### Lámhleabhair um Shaoráil Faisnéise

I rith na bliana cuireadh an Lámhleabhar ar Alt 16 um Shaoráil Faisnéise do Chomhairle Contae Longfoirt ar fáil do bhaill foirne agus do bhaill thofa agus foilsíodh é ar shuíomh inlíne na Chomhairle.

Foilsíodh Lámhleabhar ar Alt 15 um Shaoráil Faisnéise do Chomhairle Baile Longfoirt, chomh maith, i rith 2005 do bhaill thofa na Comhairle Baile agus do bhaill foirne ar shuíomh inlíne na Comhairle.

## Toghchóras

### Coiníollacha le haghaidh Clárúcháin

Caithfidh duine 18 mbliana déag d'aois a bheith slánaithe aige / aici an lá a thioctaidh an Clár i bhfeidhm (15 Feabhra). Is féidir duine a chur ar fhorlónadh leis an gClár má shlánaíonn sé / sí 18 mbliana déag d'aois idir 16 Feabhra agus lá vótála Toghcháin / Reifrinn.

Tá sé de chead ag gach cónaitheoir, 18 mbliana déag d'aois agus os a chionn, a bheith ar Chlár an dToghthóirí nó ar an bhforlónadh.

Seo a leanas líon na ndaoine a bhí cláraithe chun críche vótála ar Chlár na dToghthóirí 2005/2006 i mí Feabhra 2005:

Toghcheantair Áitiúla	Líon Toghthóirí
Baile Uí Mhatháin	8,104
Droim Lis	3,811
Granárd	6,262
Longfort	9,844
<b>Iomlán:</b>	<b>28,021</b>

Leasaíonn alt 4 den Acht Toghcháin (Leasú) 2001 alt 13 den Acht Toghcháin 1992, maidir le Clár na dToghthóirí. Déanann sé foráil do leagan 'leasaithe' de Chlár na dToghthóirí a chur le chéile. Níl sa Chlár Leasaithe ach ainmneacha na ndaoine sin nach ndiúltaíonn dá gcuid ainmneacha a bheith úsáidte chun críche cuspóirí eile seachas cuspóirí toghcháin nó reachtúla eile. Is é an stádas reachtúil ón 1 Samhain 2004 ná gur cion é úsáid a bhaint as mionsonraí an Chláir iomláin chun críche cuspóirí eile seachas cuspóirí toghcháin nó reachtúla eile.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Reáchtáladh na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith na bliana 2005 chun Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a chinntiú d'fhoireann na Comhairle:

- Earcaíodh Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta lánaimseartha.
- Tháinig an Coiste Bainistíochta Sábháilte le chéile gach ráithe in 2005.
- Tháinig Coistí Monatóireachta Sábháilteachta sna stiúthóireachtaí éagsúla le chéile go rialta i rith na bliana.
- Faomhadh an Ráiteas Corparáideach Sábháilteachta agus cuireadh ar fáil do gach comhalta foirne é.
- Thug cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta cuairt ar roinnt láithreán chun imscrúduithe a dhéanamh.
- Ceapadh maoir dhóiteáin as measc na mball foirne agus rinneadh druileanna tine in Oifigí na Comhairle in Áras an Chontae, i gCúirt Chaimlinne agus i gCeanncheathrú na Leabharlainne.

## Spórt agus Caitheamh Aimsire

### Beartas Spraioi

Ar mholadh an Choiste Beartas Straitéiseach do Bheartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, um Fhorbairt Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chúlútha agus Áineasa, ghlac Comhairle Contae Longfoirt le Beartas Spraioi ag a cruinniú míosúil i mí Dheireadh Fómhair 2005. D'aontaigh an Chomhairle oibriú i bpáirt le pobail áitiúla agus cuidiú le talamh oiriúnach a shonrú agus a chur ar fáil le haghaidh áiteanna spraioi.

I rith 2005, d'oibrigh Comhairle Contae Longfoirt i gcomhar le North Longford Community Playground Group chun togra a chur le chéile chun Páirc Spraioi a chur ar fáil i nGranárd le cúnamh iarratais deontais €49,000 ón Oifig Náisiúnta Leanaí agus chuir Comhairle Contae Longfoirt an chuid mhór eile den mhaoiniúchán don tionscadal ar fáil. Cuireadh an pháirc spraioi nua ar fáil i nGranárd agus d'oscail an Méara, Maura Kilbride-Harkin, é an 29 Meitheamh 2005.

### Linn Snámha Longfoirt

Bhuail toscaireacht de Bhaill Thofa Chomhairle Contae Longfoirt leis an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i mí Feabhra 2005 d'fhonn cead a iarraidh chun leanúint ar aghaidh chuig Céim Tairisceana maidir le linn snámha a athsholáthar i mBaile Longfoirt. Ach cead a bheith faighte ón Aire, d'aontaigh na Baill ar Chuideachta Dlíteanas Teoranta, Longford Pool Construction Ltd. a bhunú chun tógáil na linne a phróiseáil. Ach an próiseas tairisceana a bheith tugtha chun críche, d'iarr Comhairle Contae Longfoirt ar an Aire glacadh leis an tairiscint ab ísle a fuarthas mar aon le deontas €3.8 milliún ón Roinn a fhaomhadh. Iasacht 20 bliain a gheobhadh Comhairle Contae Longfoirt a d'íocfadh an fuíollach.

## Clár Dílárúcháin do Cheanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

I mí an Aibreáin 2005, bhí an tUas. Michael McDowell T.D., an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, i láthair ag Comhairle Contae Longfoirt chun cur i bhfeidhm an Chláir Dhílárúcháin do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus tabhairt ar lámh an tsuímh ag Comhairle Contae Longfoirt a fhógairt. D'fhógair an tAire mionsonraí cláir uailmhianaigh go mbeadh Ceanncheathrú lánfheistithe réidh le bogadh isteach ann faoi dheireadh 2006 agus go mbogfadh an fhoireann isteach ag tús 2007.

## Leathanbhanda

### An Scéim Leathanbhanda Contae agus Grúpa

I mí Eanáir 2005, sheol an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUas. Noel Dempsey T.D. an dara céim den Scéim Leathanbhanda Contae agus Grúpa. Tá an scéim seo múnlaith ar chur chuige na grúpscéime uisce agus tugann sé deis do phobail i gcomhpháirtíocht le húdarás áitiúla agus le húdarás Réigiúnach na Lárthíre agus soláthróir seirbhíse Idirlín leathanbhanda iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ar chúnamh deontais do suas le 55% de na costais. Rinne Comhairle Contae Longfoirt éascaíocht do chruinniú poiblí i Longfort an 5 Aibreán 2005 i gcomhar le húdarás Réigiúnach na Lárthíre. Ag deireadh 2005, bhí an dá scéim seo a leanas ceadaithe agus i bhfeidhm – Baile Uí Mhatháin agus Caonach, Meathas Troim – Béal Átha na Laogh, Cill Eo agus Droim Lis.

### Tionscadal Leathanbhanda Bhaile Longfoirt

Cheadaigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUas. Noel Dempsey T.D., plean infheistíochta i mbonneagar leathanbhanda do Bhaile Longfoirt mar chuid den Chlár Réigiúnach Leathanbhanda. Ag deireadh 2005, bhí Comhairle Contae Longfoirt i mbun ceapachán Comhairligh do dhearach, bainistiú tionscadail agus maoirseacht an chláir a thabhairt chun críche agus é mar aidhm go mbeadh an líonra leathanbhanda suiteáilte ina iomláine sa bhaile faoi dheireadh 2006.

## An Tacht um Míchumas 2005 – Straitéis do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leagann an tAcht um Míchumas 2005 freagracht nach beag ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú le himeacht ama go mbeidh teacht ag daoine atá faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar fhoirgnimh phoiblí. Fuair Comhairle Contae Longfoirt €100,000 in 2005 chun tús a chur leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Imlíneach Earnála an Rialtais Áitiúil a chur ar fáil. Chuir an maoiniú ar chumas na comhairle aonaid eolais a chur ar fáil in Áras an Chontae, in Oifigí Chúirt Chaimlinne agus i Leabharlanna Brainse éagsúla ar fud an Chontae. Ina theannta sin, d'fheabhsaigh an chomhairle an teacht a bhíonn ag daoine ar Leabharlanna Longfoirt, Bhéal Átha Liag agus Dhroim Lis agus cuireadh tús le hiniúchadh inrochtana ar a láithreán gréasáin leabharlainne / ealaíon. Ceannaíodh Trealamh Ard-Teicneolaíochta chomh maith agus cuireadh oiliúint i dtaca le feacht ar mhíchumas ar fáil do líon suntasach ball foirne.

## Cruinnithe na Comhairle Contae

Reáchtáladh cruinnithe na Comhairle Contae go míosúil seachas i mí Lúnasa.

Cuireadh cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin ar ceal in ómós dá Ghrása, an Pápa Eoin Pól II a chuaigh ar shlí na fírinne.

Reáchtáladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle an 29 Meitheamh 2005 agus toghadh an Comhairleoir Frank Kilbride ina Mhéara agus toghadh an Comhairleoir Larry Bannon ina Leas-Mhéara, go dtí dáta an Chruinnithe Bhliantúil in 2005.

## Cur i láthair / Toscaireachtaí

Labhair an Ceannfort Martin Maguire agus an Cigire Joe McLoughlin ag cruinniú na Comhairle i mí an Mhárta i dtaca le leibhéal na póilíneachta i gContae Longfoirt.

Rinne Cunnane Stratton Reynolds cur i láthair i mí an Mhárta i dtaca le hAthghiniúint Pháirc Mhic Eoin, Longfort.

Labhair toscaireacht ó Ghrúpa Gnímh Cheantar Chluain dá Rátha ag cruinniú na Comhairle i mí an Aibreáin i dtaca leis an bPlean Forbartha do Shráidbhaile Chluain dá Rátha.

Labhair toscaireacht ó Bhóthar Bhaile Róibín i nGranárd ag cruinniú na Comhairle i mí an Aibreáin i dtaca le bail Bhóthar Bhaile Róibín.

Rinne Ryan Hanley W.S.P. cur i láthair ag cruinniú na Comhairle i mí Mheán Fómhair i dtaca le Cuid 8 (de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001) chomh fada agus a bhaineann le Seachbhóthar Longfoirt N5.

Rinne RPS –MCOS cur i láthair ag cruinniú na Comhairle i mí Iúil i dtaca leis an bPlean Ionaid Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Lárthíre.

Rinne an Méara Maura Kilbride-Harkin cur i láthair do phríomhthairbhreoirí na Scéime um Dheontas do Chomhlachtaí Deonacha ag cruinniú na Comhairle i mí an Mheithimh.

Tionóladh cruinnithe speisialta na Comhairle i rith na bliana chun seirbhísí na Comhairle a mheas go mion.

## Searmanas Gradam Gnóthachtála agus Fáiltithe Cathartha

Tionóladh Fáiltiú Cathartha an 28 Iúil 2005 in onóir do thoscaireacht óige a bhí ar cuairt ó Essert de Belfort.

Tionóladh Fáiltiú Cathartha agus Ócáid Scoir an 9 Nollaig 2005 in ómós don Uas. Michael Killeen, Iar-Bhainisteoir an Chontae. Bhronn baill Chomhairle Contae Longfoirt Saoirse Chontae Longfoirt ar an Uas. Killeen.

## Acmhainní Daonna

Is é aidhm na Roinne Acmhainní Daonna feabhas a chur ar chumas na Comhairle go leanúnach trí bhaill foirne a roghnú agus a earcú de réir sárchleachtais. Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna tacaíocht ar fáil don fhoireann agus tugtar deis dóibh a mianach iomlán a bhaint amach trí oiliúint agus forbairt chúí. Cruthaítear timpeallacht dheas tháirgiúil oibre trí raon scéimeanna cothromaíochta saoil / oibre a fheidhmiú. Coinnítear caidreamh maith oibre trí mheicníocht caidrimh thionscail atá dírithe ar éilimh chontrárthacha a réiteach agus coinbhleachtaí a íoslaghdú.

### Earcaíocht

Tá earcaíocht agus roghnúchán ríthábhachtach chun feidhmíocht éifeachtach leanúnach a chinntiú. Léiríonn na staitisticí seo a leanas leibhéal arda leanúnacha ghnímh sa réimse sin in 2005.

### Staitisticí Earcaíochta 2005

Líon na gComórtas Fogartha	Líon na Leathanta Agallaimh	Líon na nIarratasóirí ar tugadh cuireadh chun agallaimh dóibh	Líon na nIarratasóirí a d'fhreastail ar agallamh	Líon ball foirne a ceapadh
38	57	610	459	47

### Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá forbairt agus oiliúint atá spriocdhírithé i gceart ríthábhachtach le cur ar chumas na foirne ag gach leibhéal an obair a chur i gcrích agus freagairt do dhúshlán nua.

Rinneadh athrú ar fhoireann na Rannóige Oiliúna nuair a ceapadh Oifigeach Oiliúna i mí na Bealtaine 2005. Cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill foirne ag gach leibhéal i rith na bliana, bliain inar fhreastail 150 ball foirne ar ghearrchúrsaí. Leanadh ar aghaidh le forbairt foirne trí thacaíocht a chur ar fáil do na baill foirne sin a roghnaigh tabhairt faoi 13 chúrsa ar leithligh trí leibhéal i rith na bliana de réir Bheartas na Scéime Tacaíochta don Fhorbairt agus don Oiliúint.

Ceannaíodh Córas nua leictreonach Bainistíochta Taifead Oiliúna i mí na Nollag 2005 agus beidh sé ina bhunchloch do thaifeadadh na hoiliúna in 2006.

### Leas na Foirne

Aithníonn an Roinn Acmhainní Daonna go dtugann socruithe solúbtha oibre deis do bhaill foirne an obair agus an saol lasmuigh di a chóimheá agus leanadh ar aghaidh in 2005 le scéimeanna cothromaithe oibre / saoil a chothú agus a chur ar fáil.

Cé go mbraitheann feidhmiú éifeachtach na scéimeanna éagsúla ar an bprionsabal nach gcuirtear isteach go diúltach ar riachtanais oibre, cuirtear raon iomlán na socruithe solúbtha oibre ar fáil ar bhealach féarálte agus cothrom.

Leanann an Fhoireann Ghnímh um Chomhionannais orthu ag cinntiú go ndéanann gach seirbhís a chuirtear ar fáil cúram den chomhionannas agus den éagsúlacht.

## Táscaire Seirbhíse

- Céatadán na laethanta oibre a cailleadh mar thoradh ar bhreiteacht in 2005:
 

Saoire le Teastas	2.38%
Saoire gan Teastas	0.50%
- 6.2% den Phárolla a chaitheadh ar an Oiliúint in 2005.

## PMDS

Forálann an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta ‘Dul Chun Cinn a Chothú’ do Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a chur i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil. Téarma leathan is ea Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta chun cur síos a dhéanamh ar mbealach a dhéantar feidhmíocht oibre gairm bheatha agus riachtanais forbartha na mball foirne a bhainistiú.

Is uirlis é PMDS don fheidhmíocht a fheabhsú agus cuidíonn sé linn ár bPlean Corparáideach a chur i gcrích. Tá an córas bunaithe ar Phleananna Forbartha Foirne (TDP) agus ar Phleananna Forbartha Pearsanta (PDP), a chinntíonn go mbíonn tuiscint níos fearr ag gach ball foirne ar na spriocanna agus cuspóirí eagraíochta agus ar an obair a dhéanann siad chun iad a bhaint amach.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm PMDS in 2005 nuair a d’fhostaigh Comhairle Contae Longfoirt dhá oiliúinéir lánaimseartha PMDS. Is orthu atá sé éascaíocht a dhéanamh do chur i gníomh PMDS in Údarás Áitiúla Longfoirt.

Roghnaíodh Seirbhísí Uisce agus Acmhainní Daonna mar aonaid phíolótacha laistigh de Chomhairle Contae Longfoirt. Glacadh an Roinn Gnóthaí Corparáideacha san áireamh ina dhiaidh sin. Ag deireadh mhí na Nollag 2005, cuireadh TDP le chéile do gach ceann de na trí réimse ag féachaint do PDPanna a bheith tugtha chun críche go luath in 2006.

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

### Ráiteas Misin na Comhpháirtíochta

Is é is cuspóir le Comhpháirtíocht san Ionad Oibre ná comhúinéireacht a bhaint amach i measc lucht bainistíochta, fostaithe agus ceardchumann agus cur chuige an phróisis oscailte chomhoibrithigh a cur in áit an chuir chuige áibhirseoireachta i leith an athraithe. Ar shaintréithe an phróisis Chomhpháirtíochta san Ionad Oibre tá rannpháirtíocht agus comhairle fostaithe, eolas a roinnt, comhchuspóirí a fhorbairt, agus an t-athrú a bhainistiú trí chur chuige na Comhpháirtíochta.

## Roinnt Gníomhaíochtaí Comhpháirtíochta san Ionad Oibre in 2005

- **Pinsin & Aoisliúntas:** Chuaigh an coiste comhpháirtíochta faoi bhráid na roinne airgeadais ag féachaint do sheimineáir foirne a thabhairt ar chúrsaí Pinsean agus Aoisliúntais. Tá an seimineár le bheith ar siúl go luath in 2006
- **Gradaim Fadseirbhíse:** Bhain an coiste comhpháirtíochta amach a chuspóir maidir le gradam agus aitheantas a thabhairt do na baill foirne atá linn le fada agus atá dílis dúinn. D’fhreastail os cionn daichead ball foirne is céad ar an searmanas bronnta gradam, agus bronnadh gradaim ar sheisear ball foirne is seasca a raibh 25 bliana nó níos faide caite acu i mbun seirbhíse linn.
- **Aifreann do Bhaill Foirne atá ar shlí na fírinne** D’iarr Bainisteoir an Chontae ar an gcoiste comhpháirtíochta aifreann a eagrú do na baill sin d’údarás áitiúla Longfoirt atá ar shlí na fírinne uainn. Reáchtáladh an t-aifreann sin Dé Sathairn, an 19 Samhain, agus riaradh soláistí ar bhaill foirne atá ar scor agus ar theaghlaigh na mball sin atá ar shlí na fírinne. D’fhreastal líon mór daoine ar an aifreann agus tá sé i gceist gur ócáid bhliantúil a bheidh ann.
- **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an bhFoghlaim:** D’éirigh go hiontach leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar an bhFoghlaim arís i mbliana; bhí dáréag ball foirne páirteach sa scéim i mbliana agus bronnadh teastais ar na rannpháirtithe ar fad ar chríochnú an chúrsa dóibh.
- **Pleananna Gnímh um an Dul Chun Cinn a Chothú.** Bhí ról tábhachtach ag an gCoiste Comhpháirtíochta i dtaca le tuairiscí ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an Ghrúpa um Fhíorú Feidhmíochta de réir cheanglas an Chomhaontaithe ‘Dul Chun Cinn a Chothú’.



## Córais Faisnéise

### Riaradh Líonra

Tá an réimse riaracháin líonra freagrach as Crua-earraí IT laistigh de Chomhairle Contae agus Baile Longfoirt agus as Líonra na Comhairle Contae a forbairt agus tacaíocht a chur ar fáil dó in ocht suíomh laistigh de Bhaile Longfoirt agus i gcúig shuíomh sheachtracha Leabharlainne. Cothaíonn an fhoireann riaracháin líonra gach nasc sonraí agus féachann siad i ndiaidh shlándáil na sonraí sin.



Tá os cionn 300 P.C., 23 Freastalaí agus iliomad printéirí ar an líonra.

Rinneadh atheagrú ar an líonra in 2005 nuair a cuireadh isteach SAN (líonra limistéar stórála). Laghdóidh an réiteach sin an costas stórála, laghdóidh sé costais agus castachtaí bainistíochta, feabhsóidh sé feidhmíocht na bhfeidhmchlár agus tabharfaidh sé toilleadh breise.

### Córais a cuireadh i bhfeidhm in 2005

Rinneadh an córas bainistíochta teagmhálacha **EDirect** a úsáidtear san I.S. mar réiteach don deasc cabhrach a leathnú go dtí an rannóg seirbhísí uisce. Logálann an córas ríomhaireachta sin gach fiosrú ón bpobal. Tugtar uimhir do gach fiosrú agus is féidir é a fhaire go mbíonn deireadh leis. Dhéileáil EDirect le 1538 fiosrú anuraidh sa Rannóg I.S.

Tugadh **Idocs** isteach sna Rannóga seo a leanas:

Tithíocht, Seirbhísí Uisce agus Airgeadas.

Is féidir teacht ar cháipéisí a bhaineann leis na réimsí sin ach brabhsálaí a úsáid.

### Córas Bainistíochta Freastalaí (SMS)

Riaradh líonra atá in SMS I measc bhuntáistí an chórais tá

- Dáileadh Ríomhchlár
- Bainistíocht Sócmhainní
- Bainistíocht ar úsáid ríomhchlár
- Fardal Crua-earraí agus Bogearraí

Bhí Comhairle Contae Longfoirt ina suíomh píolótach don ríomhchlár seo.



### Córas Monatóireachta Ríomhphoist

Cuireadh Mailmeter Forensic i bhfeidhm sa ráithe dheiridh de 2005 de réir an Bheartais Chorparáidigh i dtaca le Cumarsáid.

### Inlíon Corparáideach

Ar na forbairtí breise a rinneadh ar an Inlíon bhí:

- Am oibre solúbtha ar-líne don fhoireann
- Costais Taistil ar-líne
- Brabhsálaí Corparáideach G.I.S.

### G.I.S.

Tá sonraí GIS le fáil anois tríd an mbrabhsálaí corparáideach ar gach ríomhaire atá ar an inlíon.

- Tá teacht ar bhonneagair Mhapála uile Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a bhaineann le cursaí Séarachais, Comhshaoil agus Bóithre.
- Cuireadh córas deasc tosaigh poiblí i bhfeidhm sa rannóg pleanála d'fhiosruithe pleanála.
- Cuireadh leagan nua den G.I.S. Bóithre i bhfeidhm, rinneadh bailíochtú ar shonraí bóthair agus tugadh cothrom le dáta iad lena n-áirítear sonraí iomlána ar an ngréasán bóithre, ar chlár na mbóithre agus ar thimpistí.
- Cuireadh córas G.I.S. i bhfeidhm chun suirbhéanna ar fheirmeacha a ghabháil.



## Córais Ar-líne

### ePlan

Cuireadh fiosruithe ar-líne i dtaca le hiarratais phleanála ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle [www.longfordcoco.ie](http://www.longfordcoco.ie). Táthar ag súil le cur leis an gcóras seo trí mhapáil OSI a chur leis.

### IReg

Tá teacht ar-líne ar Chlár na dTogthóirí ar an láithreán gréasáin. Is féidir le baill an phobail a bhfuil teacht ar an Idirlíon acu a gcuid sonraí sa chlár a sheiceáil.

## Láithreáin Ghréasáin

Rinneadh láithreán gréasáin na comhairle baile [www.longfortowncouncil.ie](http://www.longfortowncouncil.ie) a athdhearadh agus a athleagan amach ina iomláine.

Virtual Writer [www.virtualwriter.net](http://www.virtualwriter.net)

Is ann don láithreán gréasáin seo don scríbhneoireacht chruthaitheach, do nuacht agus athbhreithnithe litríochta agus rinneadh é a athscríobh i bhformáid nua le go mbeadh sé níos éasca é a bhainistiú.



## Baill na Comhairle

Tugadh ríomhaire glúine do gach ball den Chomhairle agus táthar i mbun oiliúna go leanúnach leis an bhfoireann ón Rannóg I.S.

## Nuachtlitir

Foilsíodh dhá eagrán den nuachtlitir i rith na bliana 2005. Déantar an t-ábhar a bhailiú, a chur le chéile agus a fhoilsiú sa Rannóg I.S.

# Seirbhísí Cultúir Longfoirt

## Leabharlann Chontae Longfoirt

Tá sé leabharlann bhrainte i Longfort, i mBaile Uí Mhatháin, i mBéal Átha Liag, i Meathas Troim, i nDroim Lis agus i nGranárd.

## Forbairtí Tábhachtacha 2005

Le bliain anuas, tá an tseirbhís leabharlainne dírithe go hiomlán ar rochtain a fheabhsú agus a chinntiú gurb í an leabharlann lárphointe shaol mhuintir an chontae. Ar na réimsí sin ar díriodh orthu go speisialta tá uaireanta an chloig oscailte, ICT, digitíú, taighde agus feasacht ar míchumas. Reáchtáladh raon leathan imeachtaí oideachais agus cultúir i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí éagsúla pobail i rith na bliana.

## Tionscadail Taighde

D'éirigh le leabharlann Longfoirt maoiniú a fháil chun tabhairt faoi roinnt tionscadal taighde:

### Luach na Leabharlann Poiblí i Seirbhísí an Rialtais Leictreonaigh a Sheachadadh:

I rith 2005, thosaigh Leabharlann Chontae Longfoirt ar obair a dhéanamh ar an tionscadal taighde seo i gcomhpháirtíocht le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath. Is ann don tionscadal seo chun léiriú a dhéanamh ar an mbealach is féidir le leabharlanna poiblí feasacht a chruthú agus rochtain éasca ar sheirbhísí poiblí ar-líne a chur ar fáil.

Ar dtús, bunaíodh fócasghrúpa d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla pobail lena n-áirítear an Bord Forbartha Contae, VEC, Older Peoples Network, Citizens Information Service, Teagasc agus Leabharlann Longfoirt. Ba é a bhí sa chéad chéim den tionscadal sin oiliúint i dtaca le heolas a chur ar shampla de sheirbhísí poiblí ar-líne do bhaill na foirne ón leabharlann agus ón údarás áitiúil agus do bhaill an phobail. I measc na ngrúpaí pobail a bhí páirteach san oiliúint sin bhí I.C.A. Bhaile na Muc, a ghlac páirt i gclár oiliúna bunríomhaireachta a thug VEC Longfoirt agus baill an Older Peoples Network. Fuarthas aiseolas maith ar sheirbhísí an Rialtais Leictreonaigh,

go háirithe i gcomhthéacs áitiúil, e.g. láithreáin ghréasáin Chomhairle Contae Longfoirt agus Leabharlann Longfoirt, [www.longfordcoco.ie](http://www.longfordcoco.ie) agus [www.longfordlibrary.ie](http://www.longfordlibrary.ie). Ar sheirbhísí an Rialtais Leictreonaigh a raibh an-tóir orthu bhí Mótarcháin ar-líne [www.motortax.ie](http://www.motortax.ie) agus [www.oasis.gov.ie](http://www.oasis.gov.ie).

D'oibrigh an Leabharlann i gcomhpháirtíocht le Longford Citizen Information Centre chun oiliúint a chur ar chustaiméirí i dtaca le seirbhísí poiblí ar-líne cosúil le [www.oasis.gov.ie](http://www.oasis.gov.ie) agus [www.basis.ie](http://www.basis.ie). Faoi láthair, tá na seirbhísí píolótacha sin á meas agus foilseofar torthaí agus moltaí go luath in 2006.

### Ask About Ireland – An Straitéis Digitithe Náisiúnta, Céim II:

Is éard is Ask About Ireland ([www.askaboutireland.ie](http://www.askaboutireland.ie)) ná tairiseach oidhreachta / staire áitiúla a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún um Shochaí an Eolais tríd an gComhairle Leabharlann. Féachann an tairiseach sin ar ábhar ó staidéar áitiúla agus cartlanna i leabharlanna agus músaeim poiblí na hÉireann. Faoi Chéim 1 den Straitéis Digitithe Náisiúnta fuair Leabharlann Longfoirt maoiniú chun digitiú a dhéanamh ar Bhailte Fearainn agus ar Logainmneacha Chontae Longfoirt (tugtha chun críche Márta 2005).

Faoi Chéim II den Straitéis Digitithe Náisiúnta fuair Seirbhís Leabharlainne Chontae Longfoirt €30,000 do “Historical Features of County Longford” Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal sin bunachar sonraí ilsraithe ar go leor de ghnéithe stairiúla Bhailte Fearainn agus Pharóistí Chontae Longfoirt, cosúil le miotaseolaíocht agus béaloideas, oileáin agus gnéithe seandálaíochta trí dhigitiú a dhéanamh ar ailt agus ar ghrianghraif. Fuarthas iad sin ó chuid de na foinsí tagartha is tábhachtaí i mBailiúcháin Staidéir Áitiúil na Seirbhíse Leabharlainne Contae lena n-áirítear *The Journal of Ardagh and Clonmacnoise Antiquarian Society 1926-1951*; *Teathbha – the Journal of the Longford Historical Society 1969-1997*; Irisí Bliana Longfoirt; agus Stair Paróistí agus Bailte Fearainn.

## ICT

I rith na bliana fuair Comhairle Contae Longfoirt maoiniú faoin tionscadal ‘The Changing Libraries’ a d’fhógair an tAire Comhshaoil chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 150 bliain ar an Public Libraries Act agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar an athrú ó leabharlann leabharbhunaithe go leabharlann leictreonach.

Tá sé beartaithe ag an tionscadal seo bonneagar uathoibríoch a bhunú trí leathanbhanda a chur ar fáil i mbrainsí leabharlainne poiblí nach bhfuil leathanbhanda acu faoi láthair agus seirbhís chuimsitheach ar-líne staidéir áitiúil, gineolaíochta agus tagartha a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear rochtain poiblí ar mhapaí stairiúla i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Daonáireamh 1901 agus 1911.

## Seachadadh Díreach Eolas an AE

In 2005, roghnaíodh Leabharlann Chontae Longfoirt ar cheann de shé leabharlann ar fud na tíre a bheadh ina pointe eolais le heolas an AE a sheachadadh. Mar aon leis an Idirlíon, áiseanna ríomhphoist agus teacht ar shaorghuthán d'Eolas ar an Eoraip, bíonn raon leathan ábhar cothrom le dáta a bhaineann leis an AE ar taispeáint. Ceapadh Willie O Dowd, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, ina Bhainisteoir Eolas AE agus cuireadh oiliúint ar gach ball foirne brainse i Longfort i dtaca le teacht ar Eolas ar an Eoraip. Chuir an Coimisiún Eorpach 20,000 euro ar fáil chun Pointe Seachadta Eolais a bhunú agus a rith. Fuarthas maoiniú breise ICT ón Roinn Comhshaoil tríd an gCoimisiún um Shochaí an Eolais chun ríomhairí breise rochtana poiblí a chur isteach agus teacht ar an idirlíon orthu i ngach leabharlann bhraínse.

## Clár Imeachtaí Teagmhála



*Scéalaíocht ag Leabharlann Longfoirt*

### *Imeachtaí do Leanaí*

#### **Seachtain na Gaeilge – 14 – 18 Márta**

*Ealaíona & Ceardaíocht / Scéalaíocht as Gaeilge*

Leabharlann Bhéal Átha Liag, Scoil Náisiúnta Naomh Emer

*Filíocht, Dramaíocht / Scéalaíocht as Gaeilge*

Leabharlann Ghranáird, Leabharlann Dhroim Lis, Scoil Náisiúnta an Ghleanna, Meathas Troim

*Tráth na gCeist*

Leabharlann Dhroim Lis, Leabharlann Longfoirt (Naomh Micheál)

### Féile an tSamhraidh, 11 – 20 Iúil

Seónna Draíochta le Christopher Lombardi i Leabharlann Longfoirt, Leabharlann Ghranáird, Leabharlann Dhroim Lis, Leabharlann Bhaile Átha Liag agus Leabharlann Mheathas Troim.



Ag comóradh Lá Leabhar an Domhain sa Leabharlann

### Lá Domhanda na Leabhar, 3 agus 4 Márta

Ceardlanna Drámaíochta	Gaelscoil Longfoirt (Rang 3)
Cuardach Taisce Oidhreacht	Brainsí Longfoirt, Bhaile Uí Mhatháin agus Bhéal Átha Liag
Ealaíona agus Ceardaíocht	Brainsí Bhéal Átha Liag, Ghranáird, Longfoirt agus Dhroim Lis
Scéalaíocht Ilchultúir	Leabharlann Longfoirt, Leabharlann Dhroim Lis

### Mí Leabhar do Leanáí, 4 – 9 Deireadh Fómhair

Reáchtáil an scéalaí Niall de Búrca trí sheisiún scéalaíochta dhátheangacha le scoileanna áitiúla i Leabharlann Bhainse Longfoirt agus le Scoil Náisiúnta Stonepark.

Bhí an scéalaí Eddie Lenihan i mbun scéalaíochta i Leabharlann Bhainse Longfoirt agus tráth níos déanaí sa Temperance Hall mar chuid de Cheiliúrthaí an Chéid.

Chuir Chris Thompson agus Christophe Lombardi seónna Idirghníomhacha *Maths Magic* ar siúl i Leabharlanna Brainse agus i Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Mhatháin, i Scoil Náisiúnta Bhaile an Laoi agus i Scoil Náisiúnta Bhaile na Muc.

Bhí leanaí 5 – 8 mbliana d'aois agus a gcuid múinteoirí faoi dhraíocht ag an scéalaí Albanach Susie Minto i leabharlanna brainse Longfoirt, Ghranáird, Dhroim Lis agus Bhéal Átha Liag lena scéalta draíochtúla.

Reáchtáil Collette Mealy ceardlann cheoil le leanáí áitiúla i Leabharlann Dhroim Lis.



Cóisir Chulaithe Bhréige Óiche Shamhna le Linn na Féile Leabhar do Pháistí

### Ceiliúradh Oíche Shamhna, Dé Máirt, an 1 Samhain

Reáchtáil Leabharlann Bhainse Longfoirt cóisir Oíche Shamhna do bhreis is 50 leanbh agus iad ar fad faoi bhréagíocht. Bhain gach duine spraoi as an scéalaíocht agus as na comórtais.

### Ceiliúradh ar Patrick Kavanagh i gcomhar le Poetry Ireland

Rinne Seirbhísí Oidhreacht agus Ealaíon Leabharlann Chontae Longfoirt, i gcomhar le Poetry Ireland, cur i láthair ar obair Patrick Kavanagh do mhúinteoirí agus do dhaltaí i scoileanna dara leibhéal áirithe sa chontae. Ghlac an ceathrar aistreoirí páirt i seó uair an chloig is ceathrú ó shaothar Patrick Kavanagh sa Temperance Hall. Bhí an ócáid oscailte don phobal saor in aisce.

### Cónaitheachtaí Scoile i gcomhar le Poetry Ireland Writers in Residence

Thionóil an t-údar John Sexton dhá cheardlann scríbhneoireachta cruthaithí sé seachtaine le leanáí rang 5 agus 6 i Scoil Náisiúnta an Leaca Bhric agus i Scoil Náisiúnta Sheosaimh.

### An Tionscadal Describe: Obair bheirte scríbhneoireachta / peannaireachta

Leanadh ar aghaidh i mbliana le seisiún scríbhneoireachta beirte le tuismitheoirí agus leanáí agus iad ag cruthú scéalta le chéile i leabharlanna brainse Longfoirt, Ghranáird agus Bhéal Átha Liag. Tá obair tugtha chun críche chomh maith i dtaca le Treoir chlóite agus CDrom, a cuireadh le chéile mar chuid den tionscadal.

### Imeachtaí do Dhaoine Fásta

#### Lá Domhanda na Leabhar, Déardaoin, 3 Márta

Scríbhneoirí Longfoirt ag léamh

#### Comóradh 150 bliain ar an Public Libraries Act

Údair áitiúla Breda Sullivan agus Marie Noone i Leabharlann Ghranáird  
Léigh Brian Leyden ón leabhar is déanaí uaidh 'Homecoming' i Leabharlann Longfoirt

#### Oideachas Aosach

Bunranganna teanga do thosaitheoirí agus d'ardfhoghlaimoirí Spáinnise, Gaeilge agus Fraincise.  
Bun-Bhéarla don Phobal Idirnáisiúnta.  
Ranganna Gaeilge i Leabharlann Bhainse Ghranáird.

Ranganna ar Thuiscint na hEalaíne i mBrainse Longfoirt.

Ionad Teagmhála do Theastas i Staidéar Staire Áitiúla i gcomhar le OÉ, Mhaigh Nuad.

Rinne an leabharlann éascaíocht do Laethanta Oscailte leis an Open University agus leis an National College of Ireland.

#### Cainteanna / Cur i láthair

- Caint a thug Dónal Mac an Bheatha, Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Longfoirt i dtaca le *Tógáil Inmharthana* i gcomhar le Longford Environmental Alliance an 20 Eanáir.
- Cainteanna ar Mhúiríniú agus ar cheisteanna eile comhshaoil a réachtáladh an 6, 7, agus 8 Deireadh Fómhair i Leabharlann Bhainse Longfoirt.  
Ceiliúradh ar dheich mbliana Longford Women's Centre agus bronnadh Ghradaim FETAC a tionóladh i Leabharlann Bhainse Longfoirt an 21 Samhain.
- Bronnadh Theastais OÉ i Staidéar Staire Áitiúla an 22 Samhain.
- Bhronn Margaret Callanan (nee Magan) mapaí Eastát Magan ar Chartlann agus Leabharlann Bhainse Longfoirt i gcumhne ar a hathair, nach maireann, an 1 Nollaig.



Cur i Láthair de Theastais NUI Mhaigh Nuad i Staidéir ar Stair Áitiúil

#### Seoladh Leabhar

An 23 Márta, seoladh *A Noontide Blazing* le John Cowell

An 13 Aibreán, seoladh Plean Oidhreacht an Chontae

An 27 Aibreán, seoladh an leabhar '*Phrenz*' leis an Schizophrenia Association

An 23 Meán Fómhair, sheol Kitty Rodgers a chéad úrscéal '*It started with a Wish*'

Dé Sathairn, an 1 Deireadh Fómhair, sheol Audrey Healy agus Don Mullen '*Contacted*'

Dé Luain, an 5 Nollaig, sheol Elizabeth Cross a leabhar '*Tim of the Border*'



Seolann Léitheoir Nuachta RTÉ, Brian Dobson, leabhar an Údair Áitiúil, Audrey Healy '*Contacted*' ag Leabharlann Longfoirt

#### Taispeántais

14 – 25 Feabhra

27 Aibreán

11 – 26 Bealtaine

15 Meitheamh

5 Meán Fómhair

21 Meán Fómhair

15 Deireadh Fómhair

6 Nollaig

Oidhreacht Chontae Longfoirt i mBrainse Longfoirt.

Seoladh taispeántas CAN Longfoirt i Leabharlann Bhainse Longfoirt.

Taispeántas Grianghraif na Bealtaine le Longford Older People's Network.

Taispeántas na mbuaiteoirí i gcluichí Pobail Longfoirt.

Taispeántas ENFO *Atlas of Irish Landscape*.

Taispeántas le CAN Longfoirt.

Seoladh taispeántas ghrianghraif GOAL le Tiernan Dolan.

Seoladh taispeántas Ealaíne Grúpa leis an *Ardagh and Moydow Active Age Group* agus le *St. Dominic's Ladies Group Kenagh*.

#### Socrúcháin oibre curtha ar fáil ag Leabharlann Contae Longfoirt

Tugann Leabharlann Contae Longfoirt tacaíocht leanúnach do chlar oibre agus oideachais sa chontae. Ag an dara leibhéal, chuireamar thaithí oibre ar fáil do scoláirí idirbhliana i roinnt scoileanna. Cuirimid socrúchan oibre ar fáil faoi scéimeanna éagsúla Oideachas Leanúnaigh / Filleadh ar Obair le heagraíochtaí lena n-áirítear St. Christopher's, FÁS, VEC agus an Dawn Learning Centre.

#### Cúrsaí Oiliúna agus Comhdhálacha ar fhreastail Foireann na Leabharlainne orthu

Cumann Leabharlann na hÉireann, A.G.M Rannóg na Leabharlann Poiblí

A.G.M. Ghrúpa Úsáideoirí Dynix / Horizon in Éirinn

Lá Oiliúna ar Litríocht do Leanáí

Ranganna Teagaisc don Diplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

Cúrsa Oiliúna do Mhaor Tine (in-tí)

Cúrsa Oiliúna do Mhaor Tine (in-tí)

D'fhreastail Olive Heslin agus Eimear McGuinness ar an Modúl Tosaigh agus an forléargas ar an MSc Econ / Library & Information Studies in Ollscoil Aberystwyth. Tá an cúrsa seo á dhéanamh acu trí chianfhoghlaim.



Oiliúint i dtaca le húsáid Borrow Books Online don réigiún Lárthíre arna tionóil ag Leabharlann Chontae Longfoirt.

Seimineár an Fhómhair don Leabharlannaí Cathrach agus Contae

Comhdháil na Leabharlann Contae agus Cathrach / Rannóg LAI na Leabharlann Poiblí.

Fóram Scríbhneoireachta Cruthaithí do Leanaí.

Oiliúint faoin Tionscadal Lifesteps

Lá Oiliúna ar Fheasacht Míchumais mar chuid den Athbhreithniú Oiliúna Bliantúil Foirne (in-tí)

Rochtain / Uilechuimsitheacht Shóisialta

## Coistí

Tá ionadaíocht ag Leabharlann Chontae Longfoirt ar roinnt coistí san údarás áitiúil agus sa phobal.

Tá Mary Carleton Reynolds ina ball de Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach leis an Údarás Áitiúil, den Bhord Oideachais Aosaigh Ad hoc, de VEC Longfoirt, de Longford Citizen's Information Service.

Is ball d'Fhoireann Gnímh Comhionannais Chomhairle Contae Longfoirt í Ms Carmel Murtagh; tá Ms Paula Mulry agus Ms Mary Kelly ina mball den Choiste Comhairleach / Monatóireachta Sábháilteachta agus den Choiste Comhpháirtíochta LA.

## An Fhoireann

Comhghairdeas le Deirdre McNabola ar bhreith iníon, Ríona, di i mí Lúnasa agus comhghairdeas léi freisin as Diplóma a bhaint amach i Staidéar Rialtais Áitiúil níos luaithe i mbliana. Fearaimid fáilte ar ais chun na hoibre roimh Teresa O'Kelly tar éis di sos gairme bliana a ghlacadh.

Tá Ms Eimear McGuinness agus Ms Olive Heslin ag tabhairt faoi chéimeanna Máistreachta faoi láthair trí Chianfhoghlaim.

## Seirbhís Leabharlainne Bunscoile Longfoirt 2005

Líon Iomlán na nÁbhar Scoile	33,303
Líon na nÁbhar ar iasacht le Scoileanna	15,555
Ábhar nua Scoile a ceannaíodh in 2005	4,185



## Ballraíocht in 2005

Brainse Leabharlainne	Duine Fásta	Sóisearach	Dalta dara leibhéal	Mac léinn tríú leibhéal	Eile	Iomlán
Longfort	2,003	1,339	309	184	29	3,864
Granárd	244	303	54	28	11	640
Béal Átha Liag	219	199	36	7	4	265
Baile Uí Mhatháin	142	160	24	3	2	331
Droim Lis	56	85	18	3		162
Meathas Troim	85	107	6	4		202
<b>IOMLÁN</b>	<b>2,749</b>	<b>2,193</b>	<b>447</b>	<b>229</b>	<b>46</b>	<b>5,664</b>
Iomlán 2004	2,848	2,050	448	176	43	5,565
% Méadú						1.8%

## Líon na nÁbhar a glacadh ar lasach in 2005

Brainse Leabharlainne	Duine Fásta	Sóisearach	Clos-amharc	Iomlán
Longfort	42,491	23,055	2,980	68,526
Granárd	4,918	3,994	53	8,965
Béal Átha Liag	5,260	3,541	60	8,861
Baile Uí Mhatháin	4,141	2,834	49	7,024
Druim Lis	1,471	1,132	49	2,652
Meathas Troim	2,305	1,926	29	4,260
<b>IOMLÁN</b>	<b>60,586</b>	<b>36,482</b>	<b>3220</b>	<b>100,288</b>
Iomlán 2004	69,313	38,722		108,035
% Laghdú				7.2%

## Úsáid a baineadh as Teachtaireacht Poiblí ar an Idirlíon in 2005

Brainse Leabharlainne	Computer Hours Used 2005	Computer Hours Used 2004	% méadú
Longfort	14,173	12,351	
Granárd	1,650	2,081	
Béal Átha Liag	1,891	1,674	
Baile Uí Mhatháin	508	417	
Droim Lis	410	353	
Meathas Troim	347	360.5	
<b>IOMLÁN</b>	<b>18,579</b>	<b>17,236.50</b>	<b>7.8%</b>

## Oifig Oidhreachta Longfoirt

Tá Oifig Oidhreachta an Chontae meáite ar leas, oideachas, eolas agus mórtas a chothú i dtaca le hoidhreacht Chontae Longfoirt. Agus í i mbun na hoibre sin, méadaíonn sí an t-eolas a bhíonn ag daoine ar oidhreacht an chontae agus an taitneamh a bhaineann siad aisti.

Ceann d'éachtaí 2005 ba ea seoladh Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004-2009 an 13 Aibreán. Ba í an Comhairleoir Maura Kilbride-Harkin a sheol an plan i Leabharlann Chontae Longfoirt.

### Is é is aidhm le Plean Oidhreachta Chontae Longfoirt: “go mbeidh an oidhreacht seo againne ina cuid de shaol gach duine”

Tá sé sin á bhaint amach trí:

- Fóram Oidhreachta Chontae Longfoirt a bhunú agus a bhainistiú
- Comhordú agus cur i ngníomh Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004-2009, a bhfuil sé mar aidhm aige:
  1. Ár nOidhreacht Seandálaíochta agus Ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú
  2. Suim agus mórtas a chothú i gcultúr an Chontae
  3. Clár feasachta, oideachais agus oidhreachta a fhorbairt
  4. Eolas faoin oidhreacht a chur ar fáil do chách
  5. Oidhreacht nádúrtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú

Le 12 mhí anuas bhí baint ag an oifig oidhreachta le 20 mórthionscadal. I measc na bpríomhghníomhartha a rinneadh tá:

- Iniúchadh ar iarsmaí seandálaíochta ó Chontae Longfoirt in Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Seimineáir chun treoir a chur ar fáil agus chun aird a tharraingt ar cheisteanna a bhaineann le reiligí agus struchtúir chosanta a bhainistiú
- Fardal agus measúnú oidhreachta ar gach reilig sa chontae
- Eolas agus íomhánna a bhaineann le láithreáin seandálaíochta sa chontae a bhailiú
- Leabharliosta d'fhoilseacháin agus sonraí oidhreachta nádúrtha a bhfuil eolas iontu ar acmhainn bhithéagsúlachta Chontae Longfoirt
- Fógráin raidió i dtaca leis an oidhreacht a chur le chéile chun aird a tharraingt ar oifig oidhreachta an chontae agus ar cheisteanna oidhreachta áitiúla
- Tionscadal oideachais scoile chun aird a tharraingt ar uiscebhealaí an chontae – ghlac naoi scoil náisiúnta páirt ann
- Clár imeachtaí a chur le chéile don tSeachtain Oidhreachta
- Cláir adhlactha an chontae a chaomhnú i gcomhar le Cartlannaí an Chontae
- Láithreán gréasáin eolais ar Oidhreacht an Chontae a chur le chéile [www.longfordlibrary.ie/heritage](http://www.longfordlibrary.ie/heritage)
- Oibreacha caomhantais nach beag a bhainistiú i Mainistir Shruthla
- Tuairisc Innealtóireachta Struchtúrtha do Mhainistir Leathrátha

Is comhshocú é Clár an Oifigh Oidhreachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Longfoirt.



*Seoladh Plean Oidhreachta Contae Longfoirt 2004–2009*



*Dhá bhuachaill óga ag fáil amach faoina n-oidhreacht áitiúil*



*Mainistir Mhainistir Leathrátha*

## Seirbhís Cartlainne Longfoirt

### Cartlanna

Socraíodh go gcuirfí na nithe seo a leanas ar mhicrifís:

- Miontuairiscí Chomhairle Contae Longfoirt 1899-1989;
- Cláir orduithe bhainisteoir an chontae;
- Cláir adhlactha, a ndearnadh dígitiú orthu chomh maith (arna mhaoiniú ag an Oifig Oidhreachta);
- Lámhscríbhinní Gaeilge agus leabhar cuntais *Fetherston* (bunchóipeana i gColáiste Bhríde, Ard-Achadh).

### Bronnadh an nithe seo leanas ar an gCartlann i rith na bliana

- Micrifís leabhar bailiúcháin rátaí na mbocht, Toghcheantar Longfoirt, 1869 agus taifid Chuideachta Gáis Longfoirt, 1923-'25
- Leabhar bailiúcháin rátaí na mbocht, Toghcheantar Corr Buí, 1871
- Dialann an Ath. Newman, Ard-Achadh, 1882-'94
- Léas, Eastát *Fetherston*, 1863
- Leabhair Rolla agus Cláir Scoil Náisiúnta *Gaigue*, 1865-'81 (*liostaithe agus ar fáil don phobal*)
- Miontuairiscí agus Taifid eile an Guilds and Federation of Longford I.C.A., 1947-2002 (*liostaithe agus ar fáil don phobal*)
- Imleabhar Mapaí Eastáit do Ghranárd agus Baile Mhic Cormaic, 1795 (Mapaí Eastáit Magan)

### Imeachtaí Poiblí

22 Márta – 30 Aibreán	Taispeantas ar George Clinton (Leas-Uachtarán Mheiriceá de shliocht Longfoirt) i Leabharlann Longfoirt
8 Meán Fómhair	Caint dar teideal 'Caring for Family Papers' i Leabharlann Longfoirt (don Mhí Feasachta Cartlainne)
10 Deireadh Fómhair	Caint ag cruinniú I.C.A. Federation Longfoirt, Baile Nua an Chaisil
1 Nollaig	Mapaí Magan glactha ar láimh go foirmiúil, agus taispeántas dar teideal 'Mapping in Longford' i Leabharlann Longfoirt.

### Bainistiú Taifead

Chuidigh an Cartlainnaí le háit nua stórais a ullmhú do thaifid agus chuathas i gcomhairle le rannóga eile chun taifid a aistriú isteach ann.

### Comhdhálacha agus Oiliúint

D'fhreastail an Cartlainnaí ar na hImeachtaí seo a leanas:

- 4 Iúil Imeacht oiliúna i dtaca le stair ó bhéal (Baile Átha Cliath)
- 20 Meán Fómhair Beartas Náisiúnta Cartlainne a fhorbairt (Baile Átha Cliath).

## Tuairisc ón Oifig Ealaíon

I rith 2005, lean Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Longfoirt uirthi lena príomhról maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla agus amaitéaracha Longfoirt agus do gach cineál gníomhaíochta cruthaithí. Taobh istigh den phróiseas leanúnach forbartha cultúir sin, bíonn lámh ag Oifig Ealaíon an Chontae leis na tionscadail agus imeachtaí seo a leanas a chur le chéile nó tacaíocht a thabhairt dóibh.

1. Tionscadal Kindermusik. Tionscadal forbartha ceoil réamhscoile do leanaí faoi bhun ceithre bliana d'aois agus dá dtuismitheoirí a réachtáladh i mBaile Uí Mhatháin, i gCaonach agus i nGranárd i gcomhar le hOifigeach Ealaíon CGO Lárthíre, Comhairle Contae agus CGOnna Longfoirt, na hIarmhí agus Uíbh Fhailí.
2. Tionscadal Scríbhneoireachta Cruthaithí na Lárthíre. Díolaim scríbhneoireachta cruthaithí le daoine óna 'i mbaol' le grúpaí Youthreach i nGranárd, i mBaile na gCros, in Éadan Doire agus i Móinteach Mílíc a eagraíodh i gcomhpháirt leis na Boird Forbartha Contae, Stiúrthóireachtaí Pobail agus Fiontraíochta, agus Oifigí Ealaíon agus CGOnna Longfoirt, na hIarmhí, Uíbh Fhailí agus Laoise. Foilsíodh díolaim scríbhneoireachta, ealaíne agus griangraf dar teideal "id" ag deireadh an tionscadail.
3. Tionscadal Ealaíon Poiblí Mheathas Troim. Ba é a bhí i gceist anseo ná píosa ealaíne poiblí a chruthú agus a chur suas agus teaghlach Edgeworth mar théama aige mar chuid de Scéim Bhóthar Faoisimh Inmheánach Mheathas Troim.
4. Féile Ealaíon agus Scoil Samhraidh Timpeallachta Loch Rí. D'oibrigh an Oifig Ealaíon go dlúth le coiste na Féile i mBéal Átha Liag, go háirithe ó thaobh clár a chur le chéile agus poiblíochta. Buaic na féile ba ea Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann.
5. Tionscadal Ealaíne Leanaí. I gcomhar leis an Backstage Theatre Group agus an Aisling Children's Arts Festival. Chuir an Oifig Ealaíon an tionscadal dar teideal "Ten" le chéile, arb é atá ann ná tionscadal ildisciplíneach de dhrámaíocht, amharc-ealaíona agus scéalaíocht. Ag deireadh an tionscadail réachtáladh taispeántas agus cur i láthair sa Backstage Theatre i rith fhéile Aisling i mí Dheireadh Fómhair.
6. Tionscadal Forbartha Ceardaíochta. D'oibrigh Oifig Ealaíon an Chontae i gcomhar le Rannóg Oideachais Phobail CGO Longfoirt agus réachtáladh clár criadóireachta do Ghrúpa Ban i Longfoirt.
7. An Tionscadal "Describe" Is éard is "Describe" ann ná tionscadal litríochta an-nuálach do leanaí a cuireadh le chéile idir Oifig Ealaíon an Chontae agus Seirbhísí Leabharlainne an Chontae. Ba é a bhí i gceist ná cur chuige meantóireachta i leith scríbhneoireacht chruthaitheach leanaí agus i measc thorthaí an tionscadail bunaíodh ceithre ghrúpa scríbhneoireachta, "Authors and Scribes", do leanaí i Longfort agus foilsíodh lámhleabhar úsáideora agus CD-rom go náisiúnta.
8. Staidéar Forbartha Ealaíon Phobal Ghranáird. Fuair an Oifig Ealaíon maoiniú ón gComhairle Ealaíon, cuireadh sonraíocht taighde le chéile mar aon le hábhar tánaisteach taighde le chur ar chumas comhairleoirí miontaighde a dhéanamh ar chlár ealaíon pobail a fhorbairt i nGranárd.
9. Na hAmharcealaíona. De bhun fhorálacha Phlean Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Longfoirt 2004-2009, fuair Oifig Ealaíon an Chontae maoiniú ón gComhairle Ealaíon agus dréachtaíodh téarmaí tagartha chun taighde a dhéanamh ar Bheartas Amharcealaíon don chontae agus chun é a chur ar fáil. Beidh an Beartas sin ina threoir d'fhorbairt na n-amharcealaíon i Longfort.
10. Fócasghrúpa Scríbhneoireachta Cruthaithí do Leanaí. Bunaíodh Fócasghrúpa d'oideachasóirí áitiúla a chuir cáipéis bheartais le chéile d'fhorbairt na scríbhneoireachta cruthaithí i measc leanaí i Longfort.
11. Cór Óige an Chontae. Bunaíodh cór do dhaoine óga idir dhá bhliain déag d'aois agus ocht mbliana déag d'aois ó chontae Longfoirt.

# Tuairisc Bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorpáraidigh

## Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabhail Bóithre agus um Shábháilteacht ar Bhóithre

**Píomhchuspóir:** *“Cinntiú go gcabhraíonn agus go gcuireann na beartais infrastructúracha iompair agus infheistíochta le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Chontae Longfoirt agus go gcaomhnaítear agus go bhfeabhsaítear áilleacht agus timpeallacht an Chontae.”*

### Cothabháil agus Feabhsúcháin Bóithre

Ghlac an Chomhairle le Cuid 8 (Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001) do Sheachbhóthar Longfoirt N5 i mí Mheán Fómhair seo caite agus táthar ag feitheamh ar chead an NRA chun dul ar aghaidh le CPO a fhoilsiú. Tá Bóthar Faoisimh Inmheánach N4 Mheathas Troim á thógáil agus tá sé le bheith críochnaithe in Earrach na bliana 2006. Dearbhaíodh, i mí Mheán Fómhair seo caite, an CPO agus an EIS foilsithe do Chéim 1 de scéim feabhsúcháin an N4 ó Longfort go Droim ar Snámh a sheachnaíonn Dromad agus Rúscaigh agus a théann 1km isteach go Contae Longfoirt.

Rinneadh láidriú cosáin ar na bealaí náisiúnta ar fad agus rinneadh athchóiriú ollmhór ar Shráid Richmond, Longfort, ar an N5.

Rinneadh dul chun cinn ar Scéimeanna Sonraithe an AE ag LR1056 / LR1048 Béal Átha na Laogh go hAchadadh na Cloiche, R198 Longfort go Arva, Lána agus Páirc Thionscail Barrack, Granárd, R194 Forbairt Pháirc Ghnó Lios na Muc, R395 Meathas Troim go Lisryan agus R392 Baile Uí Mhatháin go Béal Átha Liag.

Tá na cláir ilbhliantúil um athchóiriú Bóithre agus athshlanú dromchla fós ag dul ar aghaidh.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

Cuireadh scéimeanna Ceannsaithe Tráchtála chun cinn agus táthar ag céimeanna éagsúla a dtabhairt chun críche i nGranárd, i mBaile Uí Mhatháin, i mBéal Átha Liag, i gCill na Sí, i Meathas Troim agus ar Bhóthar Bhéal Átha na Laogh, Longfort.

Tá scéimeanna Réitigh Sábháilteachta ar bun ag céimeanna éagsúla críochnúcháin in Stonepark, Achadh an Teampaill, *Gaigue Cross*, an Mhaighean agus Bóithre *Battery* agus Bhaile Átha Cliath, Longfort.

Táthar ag dul ar aghaidh le tograí um shábháilteacht bóthair a bhaineann le cead pleanála.

Táthar ag dul ar aghaidh le Plean ilbhliantúil um Shoilsiú Poiblí ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cothú agus ag éascú agus ag glacadh páirte mar aon leis an nGarda Síochána, Scoileanna agus an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Maoir Scoileanna Sóisearacha.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm Rialachán an AE maidir le Feithiclí Tráchtála sa Chontae, agus cheadaíodh an dara hionad tástála údaráithe.

### Bainistiú Tráchtála

Táthar ag dul ar aghaidh le Plean ilbhliantúil um Chomharthaí Bóthair ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le páirceáil ón tsráid a fhorbairt i nGranárd.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le rialacháin pháirceála a chur i bhfeidhm i Meathas Troim.

## Rochtain ar Iompar Paisinéara do Chách

Leanadh ar aghaidh ag déanamh éascaíochta do mholtaí a rinneadh faoin Iniúchadh ar Iompar Tuaithe i gContae Longfoirt, moltaí ar ghlac an Chomhairle leo.

Eisíodh ceadúnais fruilchairr agus tacsáí go héifeachtúil agus go béasach.

## Beartais Reatha

Cothaíodh ardchaighdeán i dtaca le dearadh bóthair d'fhonn iad a chur i bhfeidhm.

Cuireadh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn de réir na dtreoirlínte molta i gcomhairliúchán le lucht leasa, mar a bhí i gcás na dtrasnuithe do choisithe i Meathas Troim.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach ann sna Grúpaí Stiúrtha agus Teicniúla a bhainistíonn Oifig Dearaidh Réigiúnach de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Cothaíodh caidreamh cuí idir lucht leasa um fhorbairt iompair ar nós iad seo a leanas; ionadaithe poiblí, comhlachtaí ionadaíochta, an pobal go ginearálta, an Roinn Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Garda Síochána, an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta, Iarnród Éireann, Uiscebhealaí Éireann srl.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar chur i bhfeidhm Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil agus le Scéimeanna Pobail.

Bhí obair leanúnach á déanamh ar chainteanna le hairgeadaithe agus daoine eile maidir le cur i bhfeidhm scéimeanna iompair i gComhpháirtíocht Phoiblí agus Phriobháideach.

## Beartas um Sheirbhísí Uisce agus Comhshaoil

**Píomhchuspóir:** *“Seirbhísí uisce agus bonneagar comhshaoil atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach agus chun brústocaireacht a dhéanamh le haghaidh maoiniú caipitil níos mó.”*

### Seirbhísí Uisce

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2004-2006 bunaithe ar Mheasúnú Riachtanas a chuir Comhairle Contae Longfoirt le chéile. San áireamh sa chlár atá 14 scéim a mbaineann luach measta €53,560,000 leo.

Rinneadh dul chun cinn ar na scéimeanna sa chlár mar seo a leanas.

1. **Scéim Séarachais Chluain dá Ráth** – Cuireadh tús leis an tógáil i mí an Mheithimh 2005.
2. **CRWSS Longfoirt** – Taiscumar agus Píblíne – Cáipéisí conartha tugtha chun críche
3. **Scéim Séarachais Mheathas Troim (Cothaitheag a Laghdú)** – Cáipéisí conartha tugtha chun críche.
4. **Scéimeanna Séarachais Dhroim Lis agus an Leasa Bhric** – Réamhthuarascáil ceadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
5. **Scéim Séarachais Longfoirt, Céim 2** – Réamhthuarascáil curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
6. **Bainistíocht Sloda Longfoirt** – Réamhthuarascáil curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
7. **Scéim Uisce Réigiúnach Bhaile Uí Mhatháin** – Comhairleoirí ceaptha.
8. **Scéim Soláthar Uisce Réigiúnaigh Ghranáird** – Réamhthuarascáil tugtha chun críche.
9. **Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh do Longfort Láir** – Athbhreithniú Straitéiseach tugtha chun críche.
10. **Scéim Séarachais Ard-Achaidh, Achadh na Cloiche agus Bhéal Átha na Laogh** – Ag céim na gcáipéisí conartha.
11. **Soláthar Uisce Bhéal Átha Liag, Céim 1** – Ag céim na gcáipéisí conartha
12. **Scéim Séarachais Bailte agus Sráidbhailte Grúpáilte** – Comhairleoirí ceaptha chun staideáir féidearthachta a dhéanamh.
13. **Scéim Séarachais Longfoirt, Athbhreithniú Líonra** – Réamhthuarascáil curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
14. **Scéim Séarachais Bhéal Átha Liag** – Imscrúdú ar láithreán á dhéanamh.



Deonaíodh €4,200,000 chun críche Scéim Chaomhantais Uisce – Céim 2. Ceapadh comhairleoirí agus táthar chun tús a chur leis an scéim go luath in 2006.

Rinneadh dul chun cinn leis an gClár Uisce Tuaithe le grúpscéimeanna nua agus uasghrádaithe agus scéimeanna beaga poiblí. €1,600,000 a caitheadh ar an gclár seo in 2005. Íocadh 18 ndeontas tobair aonair chomh maith le 199 ceadúnas chun nascadh a dhéanamh leis an bpríomhlíne uisce poiblí i rith na bliana.

Go dtí deireadh 2005 rinneadh méadrú ar thart ar 70% de na ceangail soláthair uisce nach ceangail Tí iad.

Rinneadh feabhsú tuilleadh ar chaighdeán an uisce óil agus bhí 96.7% de scéimeanna poiblí agus 98.3% de scéimeanna príobháideacha ag comhlíonadh na Rialachán um Uisce Óil i rith 2005.

Rinne an Chomhairle moladh i dtaca le seirbhís taobh amuigh d'uaireanta an chloig oibre a mheas agus tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis ar bhonn trialach ag tús 2006.

## An Comhshaoil

Leanadh ar aghaidh ag cur le gníomhaíochta na Seirbhísí Comhshaoil. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh do sheachadadh na gcuspóirí a sonraíodh sa phlean:

1. Tugadh Athbhreithniú ar Phlean um Bainistiú Dramhaíola don Réigiún Lárthíre chun críche i rith 2005.
2. Eagraíodh cúig cinn déag de bhailiúcháin Chonláiste Poiblí i rith 2005 mar chuid de Ghlantachán an Earraigh.
3. I rith 2005, fuair an Fhoireann Forfheidhmiúcháin do Dhramhaíol 742 gearán, agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann acu agus glacadh gníomhartha cuí forfheidhmiúcháin.
4. Is é Contae Longfoirt an t-aon chontae amháin sa tír a bhfuil 100% de na meánscoileanna páirteach sa chlár Scoileanna Glasa agus tá 90% de na bunscoileanna páirteach ann leis.
5. Tugadh faoi fheachtas eolais chun lucht tráchtála agus tionsclaíochta a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir leis na rialacháin faoi phacáistíú. Rinneadh é sin trí sheimineáir agus cuairteanna ar láithreáin.
6. Seoladh fógraí faoi láithreáin thréigthe chuig úinéirí láithreáin a sonraíodh i nGranárd agus rinneadh suirbhéanna tosaigh i Meathas Troim.
7. Bhain breis is 21 reilig leas as cúnaimh airgid faoin Scéim Tacaíochta do Reiligí agus rinne LJI Ltd na reiligí eile atá faoi úinéireacht na Comhairle a chothabháil.
8. Tugadh suirbhé agus tuarascáil ar reiligí Chomhairle Contae Longfoirt 2006-2025 chun críche i rith na bliana.
9. Chuir an Chosaint Shíbhialta a Plean Forbartha i bhfeidhm.
10. Cuireadh tús le Stáisiún nua Dóiteáin a thógáil i nGranárd. Ceannaíodh fearas nua Aicme B do Bhriogáid Dóiteáin Bhéal Átha Liag.
11. Fuair an dara táirgeoir áitiúil bia creidiúnú ón AE dá ionad deantúsaíochta.
12. Ghlac an Chomhairle páirt i gCórais Bhainistíochta Abhantrach na Sionainne agus na hÉirne.
13. Ghlac Comhairle Contae Longfoirt páirt sa Chóras Náisiúnta Monatóireachta Bruscair.
14. Iarradh tairiscintí do dheisiú Póna Madraí na Comhairle.

## Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála

**Príomhchuspóirí:** *“Caighdeán inghlactha tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a chur ar fáil agus a chothú i dtimpeallacht phleanáilte a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir Chontae Longfoirt agus a chothaíonn an uilechuimsitheacht shóisialta.”*

### Tithíocht Shóisialta

Tá an Plean Gnímh um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne 2004 – 2008 á chur i ngníomh i láthair na huaire. Is creatlach é an plean do phleanáil agus seachadadh comhtháite sna blianta atá romhainn amach maidir le bearta sonracha um thithíocht shóisialta agus inacmhainne.

Leanadh ar aghaidh le clár tithíochta Chomhairle Contae Longfoirt le linn 2005. Leithroinneadh 102 tionóntachtaí i rith na bliana. Léiríonn measúnú reachtúil ar riachtanais tithíochta a rinneadh i mí na Bealtaine 2005 rathúlacht nach beag Chomhairle Contae Longfoirt agus í ag déileáil le liostaí feithimh tithíochta.

## Cothabháil / Athchóiriú Tí

Leanadh ar aghaidh in 2005 leis an gclár beartaithe chun fuinneoga agus doirse a chothabháil. Bainfidh an clár sin caighdeán ard amach don stoc tithe.

Le cúnamh airgid ón Roinn Comhsaoil, Oidhreacha, agus Rialtais Áitiúil cuireadh teas lárnach isteach in go leor tithe.

I rith 2005 rinneadh athchóiriú ar roinnt áitreabh a bhí follamh in *Pauric Collum Heights* agus ligeadh amach arís iad.

## Bainistiú Eastáit

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta ar aghaidh ag obair go dlúth le cumann áitritheoirí ar fud an chontae agus bunaíodh cumainn nua. Rinne an tOifigeach Idirchaidrimh éascaíocht chomh maith d'oiliúint réamhthionóntachta do gach tionónta nua. Reáchtáladh comórtas do gach Eastát de chuid an Údaráis Áitiúil. “The Better Estates Awards” an t-ainm a bhí ar an gcomórtas agus bhí dhá chatagóir ann bunaithe ar mhéid na n-eastát. Bronnadh marcanna ar easpa bruscair, ar chuma na n-áiteanna glasa comónta agus ar obair forbartha pobail a rinne na hÁitritheoirí i rith na bliana roimhe sin. Bhí tionchar dearfach ag an gcomórtas ar gach eastát a ghlac páirt ann agus tá sé i gceist gur rud bliantúil a bheidh ann.

## Tithíocht Dheonach

Tá nasc ag an gComhairle i gcónaí le hEarnáil na Tithíochta Deonaí. Tugadh tacaíocht don *Disabled Persons of Longford* agus don *County Longford Association for the Mentally Handicapped*.

## Tithíocht Inacmhainne

Cuireadh tithíocht inacmhainne ar fáil sa Lios Breac in 2005.

## Iasachtaí / Deontais

Tugadh 1 iasacht do charabhán agus 32 iasacht le haghaidh tógáil tí / atógáil tí. Fuair 175 duine cúnamh airgid faoin scéim na nDeontas do Dhaoine atá faoi Mhíchumas agus do Dheisiúcháin Riachtanacha.

## Daoine gan Dídean

Lean an Fóram do Dhaoine gan Dídean orthu ag teacht le chéile uair sa ráithe. Chinntigh sé sin cur chuige comhtháite i dtaca le soláthar cúraim i measc na n-údarás reachtúil agus na ngníomhaireachtaí deonacha éagsúla.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Ghlac Comhairle Contae Longfoirt leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2005-2008 i mí Feabhra 2005. Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile gach ráithe agus rinne siad monatóireacht ar an dul chun cinn a baineadh amach i dtaca leis na spriocanna atá leagtha síos sa phlean.

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Tá an clár seo curtha i bhfeidhm i ngrúpa tosaigh údarás. Tá Comhairle Contae Longfoirt ag déanamh scrúdú ar na struchtúir atá riachtanach chun tús a chur leis an tionscadal i Longfort.

# Beartais um Fhorbairt Eacnamaíoch, um Athnuachán Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúir agus Áineasa

**Píomhchuspóir:** *“Beidh Comhairle Contae Longfoirt ar thús cadhnaíochta maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúir Chontae Longfoirt.”*

## Straitéis Eacnamaíochta

Cuireadh an cuspóir straitéiseach i dtaca le forbairt spásúil chothrom a sheachadadh chun cinn trí pháirceanna gnó a fhorbairt i nGranárd, i mBaile Uí Mhatháin, i mBéal Átha Liag agus i Longfort. I measc na ngnólachtaí nua a osclaíodh i rith na bliana le tacaíocht ó Chomhairle Contae Longfoirt tá Abbott Diagnostics, Panelto Foods agus Ionad Fiontraíochta Longfoirt. Dámhadh conarthaí do Cheanncheathrú nua na Seirbhíse Príosúin agus d'éirigh go hiontach leis an earnáil mhiondíola. Osclaíodh aonaid nua ollmhóra, mar shampla Argos agus Homebase. Bhí ról ceannasach cumasúcháin ag Comhairle Contae Longfoirt i gcomhar le gníomhaireachtaí forbartha eile i dtaca le fás an gheilleagair áitiúil.

## Straitéis Shóisialta

Leanann Comhairle Contae Longfoirt uirthi ag cur na gclár CLÁR agus RAPID i bhfeidhm. Tugann na cláir sin, i dteannta bearta sonracha maoiniúcháin, tús áite do chaiteachas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Fuair na grúpaí oibre faoi na bearta uilechuimsitheachta sóisialta maoiniú do thionscnaimh a thacaíonn le comhtháthú feabhsaithe. Fuair Comhairle Contae Longfoirt maoiniú chomh maith faoina Straitéis do Dhaoine faoi Mhíchumas.

## Seirbhísí Cultúir

Soláthraíonn Comhairle Contae Longfoirt seirbhís chomhtháite chultúir lena n-áirítear Leabharlanna, Ealaíona, Oidhreacht agus Cartlanna ar bhonn atá dírithe ar na custaiméirí. Cuireann na Leabharlanna tacaíocht luachmhar ar fáil chun daoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad a lánpháirtiú trí rochtain ar an Idirlíon agus trí oiliúint teanga. I measc na dtionscnamh a rinneadh le scoileanna bhí tionscadail scríbhneoireachta agus filíochta. Tá an Pleananna Oidhreachta agus Ealaíon ar glacadh leo á gcur i ngníomh de réir an chláir aontaithe.

## Spórt agus Caitheamh Aimsire

Maidir le tionscadal Linn Snámha Longfoirt, glacadh le tairiscintí agus táthar ag súil le tús a chur leis an tógáil ag tús 2006. Ghlac an Chomhairle le ‘Beartas Spraoi’ agus chuir siad páirc spraoi nua ar fáil i nGranárd. Molann an beartas páirc spraoi nua amháin a chur ar fáil in aghaidh na bliana faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

# Táscairí Seirbhíse Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt Na Blianta 2004 & 2005

	2004 Luach	2005 Luach
<b>A &amp; C: Seirbhísí Ealaíon agus Cultúir</b>		
<b>A &amp; C.1 Deontas Ealaíon</b>		
– líon na ndeontas ealaíon a leithdháileadh	38	45
– luach iomlán na ndeontas ealaíon a leithdháileadh in aghaidh gach 1,000 duine	1147.48	2687.89
<b>CP: Rannpháirtíocht agus Comhoibriú Pobail – An tÚdarás Áitiúil</b>		
<b>CP.1 Céatadán na scoileanna áitiúla a ghlac páirt i scéim áitiúil Chomhairle na n-Óg</b>	66.67%	55.56%
<b>C: Saincheisteanna Corparáideacha</b>		
<b>C.1 Céatadán na laethanta oibre a cailleadh mar thoradh ar bhreiteacht trí</b>		
– shaoire dheimhniú	1.96%	2.38%
– shaoire neamhdheimhniú	0.56%	0.5%
<b>C.2 Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar chéatadán de chostais iomlána an phárolla</b>	5.92	6.2
<b>E: Seirbhísí Comhshaoil</b>		
<b>Uisce</b>		
<b>E.1 Céatadán chainéal na habhann atá</b>		
(a) Neamhthruaillithe	Faigheann LGMSB na Fígiúirí seo díreach ón EPA	
(b) Beagán truaillithe	Faigheann LGMSB na Fígiúirí seo díreach ón EPA	
(c) Sách truaillithe	Faigheann LGMSB na Fígiúirí seo díreach ón EPA	
(d) Truaillithe go dona	Faigheann LGMSB na Fígiúirí seo díreach ón EPA	
<b>E.2 Céatadán thorthaí na n-anailísí ar uisce óil a chomhlíonann na ceanglais reachtúla maidir le:</b>		
– scéimeanna poiblí	95.6%	96.7%
– scéimeanna príobháideacha (nuair is cuí)	94.3%	98.3%
<b>Seirbhís Dóiteáin</b>		
<b>E.3 Meántréimhse ama, i nóiméid, a thógann sé le briogáidí dóiteáin a eagrú i</b>		
– stáisiúin lánaimseartha	Ní ann do Stáisiún Lánaimseartha	
– stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta)	4.55	4.22
<b>E.4 Céatadán na dtarluithe ag a bhfuiltear</b>		
– ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad	33%	37%
– ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	47%	50%
– ar an láthair den chéad tar éis 20 nóiméad	20%	13%
<b>E.5 Tine a Chosc – Líon iomlán na n-iaratas ar dheimhniú tine</b>		
– a fuarthas	54	107
– a próiseáladh	44	96
<b>Bainistíocht Dramhaíola</b>		
<b>E.6 Céatadán na dteaghlach a bhfuil bailiú dramhaíola scagtha curtha ar fáil dóibh</b>		
Tá Bailiú Dramhaíola príobháidithe i Longfort	Ní bhaineann leis seo	Ní bhaineann leis seo
<b>E.7 Dramhaíol Tí a Bhailítear, agus a chuirtear ar aghaidh chun a athchúrsála</b>		
– tonáí	Ní bhaineann leis seo	
– céadatán	44	3891 51.28
<b>E.8 Dramhaíol Tí a Bhailítear, agus a chuirtear ar aghaidh chuig líonadh talún</b>		
– tonáí	Ní bhaineann leis seo	
– céadatán	56	3698 48.72

	2004 Luach	2005 Luach
<b>E.9 Áiseanna Athchúrsála</b>		
<b>Gloine</b>		
Líon na Láithreán ar féidir gloine a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	25	25
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	1	1
Líon iomlán na nÁiseanna	26	26
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 an phobail	4.18	4.19
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	48.17	62.9
<b>Cannaí</b>		
Líon na Láithreán ar féidir cannaí a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	25	25
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	1	1
Líon iomlán na nÁiseanna	26	26
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 duine	4.18	4.19
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	2.83	4.03
<b>Teicstílí</b>		
Líon na Láithreán ar féidir teicstílí a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	0	0
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	0	1
Líon iomlán na nÁiseanna	0	1
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 duine	Ní bhaineann leis seo	0.16
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	Ní bhaineann leis seo	0.91
<b>Cadhraí</b>		
Líon na Láithreán ar féidir cadhnaí a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	0	0
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	0	0
Líon iomlán na nÁiseanna	0	0
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 duine	Ní ann do láthair den chineál seo	
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	Ní ann do láthair den chineál seo	
<b>Olaí</b>		
Líon na Láithreán ar féidir ola a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	0	0
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	0	0
Líon iomlán na nÁiseanna	0	0
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 duine	Ní ann do láthair den chineál seo	
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	11	0
<b>Nithe eile</b>		
Líon na Láithreán ar féidir dramhaíl eile a thabhairt ann le haghaidh athchúrsála	0	0
Líon na Láithreacha Conláiste Cathartha	1	1
Líon iomlán na nÁiseanna	1	1
Líon na láithreacha in aghaidh 5000 duine	0.16	0.16
Líon na dtónaí dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála in aghaidh 5000 duine	11	28.01
<b>BRUSCAR A CHOSC AGUS DLÍ COMHSHAOIL A CHUR I BHFEIDHM</b>		
<b>E.10 Bruscar – Líon na Maor Bruscair</b>		
Líon iomlán na maor bruscair lánaimseartha	3	4
Líon iomlán na maor bruscair páirtaimseartha	1	5
Líon na maor bruscair (lánaimseartha agus páirtaimseartha) in aghaidh gach 5000 duine	0.48	1.45
Líon na bhfineálacha ar an láthair	618	563
Líon na gcásanna ionchúisimh a tógadh mar gheall nár íocadh fineálacha ar an láthair	33	40
Líon na n-ionchúiseamh a rinneadh	17	17
<b>Céatadán na gceantar laistigh den údarás áitiúil atá:</b>		
– neamhthruaillithe (.i. saor ó bhruscar)	0%	31.5%
– beagán truaillithe le bruscar	39.29%	40.87%
– sách truaillithe le bruscar	50%	16.5%
– truaillithe go mór le bruscar	5.36%	7.91%
– an-truaillithe le bruscar	5.36%	3.22%
<b>E.11 Gearáin i dtaca leis an gComhshaoil agus Forfheidhmiú Dlí</b>		
– líon iomlán na gcásanna de bhun gearán a bhaineann le truailliú comhshaoil (a bhaineann le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú fothrama, truailliú aeir)	781	1042
– líon na ngearán a iniúchadh	781	1042
– líon na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh	223	765

	2004 Luach	2005 Luach
<b>E. Seirbhísí Comhshaoil</b>		
<b>BRUSCAR A CHOSC AGUS DLÍ COMHSHAOIL A CHUR I BHFEIDHM</b>		
<b>E.12 Céatadán na Scoileanna a bhíonn rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil</b>		
– bunscoileanna	97%	90%
– meánscoileanna	100%	100%
<b>H: Tithíocht</b>		
<b>H.1 Folúntais Tithíochta</b>		
Líon iomlán na n-áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil	1436	1488
% iomlán na n-áiteanna cónaithe atá ligthe amach ar cíós	97.28%	96.64%
% iomlán na n-áiteanna cónaithe atá folamh	2.72%	3.36%
% na n-áiteanna cónaithe folmha atá faoi réir scéimeanna móra athchóiriúcháin	0%	0%
% na n-áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean ar cíós	90%	80%
% na n-áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean ar cíós	10%	20%
<b>H.2 Méantréimhse ama a thógann sé le háiteanna cónaithe atá ar fáil le ligean ar cíós a athligean ar cíós (seachtainí)</b>		
	1	1
<b>H.3 Líon na ndeisiúcháin a tugadh chun críche mar chéatadán de líon na n-iarratas bailí ar dheisichán a fuarthas</b>		
	89.25	73.75
<b>H.4 Méantréimhse ama a thógann sé le hiarratasóirí a chur ar an eolas maidir le cinntí an údaráis áitiúil i leith iarratas ar:</b>		
– an scéim comhúinéireachta tithíochta (i laethanta)	5	5
– iasacht tithíochta (i laethanta)	5	5
– tithíocht an údaráis áitiúil (i laethanta)	35	10
<b>H.5 Cíoríocht don Lucht Siúil</b>		
Líon iomlán de theaghlaigh den lucht siúil ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh mar chéatadán de na spriocanna a leagadh amach sa chláir áitiúil um chóiríocht don lucht siúil	220	125
<b>L: Seirbhísí Leabharlainne</b>		
<b>L.1 Uaireanta oscailte don phobal</b>		
– meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha	44.33	47
– meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha (má bhaineann le hábhar)	18.7	18.8
<b>L.2 Líon na mball leabharlainne cláraithe mar chéatadán den phobal áitiúil</b>		
	17.91	18.23
<b>L.3 Líon na nithe a eisítear in aghaidh an duine sa phobal (ar fud an chontae/na cathrach) maidir le:</b>		
(a) Leabhair	3.34	3.12
(b) Nithe eile	0.13	0.1
<b>L.4 Céatadán na leabharlann a chuireann rochtain ar an Idirlíon ar fáil don phobal</b>		
	100%	100%
<b>L.5 Líon na seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine</b>		
	555	610
<b>M: Mótarcháin</b>		
<b>M.1: Líon na n-idirbhearta mótarchánach a dhéantar</b>		
– thar an gcuntar	Ní bhaineann leis seo	30561
– tríd an bpost	Ní bhaineann leis seo	5103
– ar bhealaí eile (e.g. ar-líne, ar an nguthán)	Ní bhaineann leis seo	2841
Céatadán na n-idirbhearta Mótarchánach a dhéantar		
– thar an gcuntar	81.05%	79.37%
– tríd an bpost	14.52%	13.25%
– ar bhealaí eile (e.g. ar-líne, ar an nguthán)	4.43%	7.38%
<b>M.2 Líon na n-iarratas tríd an bpost (.i. diosca/ceadúnas tiomána eisithe) a ndéileálar leo ón uair a nglactar leis an iarratas:</b>		
(a) Ar an lá céanna	4988	5103
(a) Ar an tríú lá nó roimhe sin	0	0
(c) Ar an gcúigiú lá nó roimhe sin	0	0
(d) I ndiaidh 5 lá	0	0



	2004 Luach	2005 Luach
<b>% na n-iarratas tríd an bpost (.i. diosca/ceadúnas tiomána eisithe) a ndéil éaltar leo ón uair a ngactar leis an iarratas:</b>		
(a) Ar an lá céanna	100%	100%
(a) Ar an tríú lá nó roimhe sin	0%	0%
(c) Ar an gcúigiú lá nó roimhe sin	0%	0%
(d) I ndiaidh 5 lá	0%	0%

### M.3 Uaireanta an chloig a bhfuiltear oscailte don phobal

– meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	35	35
---	----	----

## P: Rialú Pleanála agus Tógála

### P.1 Iarratais Phleanála – Cinneadh a Dhéanamh

#### Tithe Aonair

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	718	551
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	Ní bhaineann leis seo	393
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	Ní bhaineann leis seo	84
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Ní bhaineann leis seo	74
Meántréimhse ama a thóg sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarradh eolas breise (i laethanta)	72.33	78
% na n-iarratas ceadaithe	88.86%	82.4%
% na n-iarratas diúltaithe	11.14%	17.6%
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh	68.75%	68.18%
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	31.25%	31.82%

#### Forbairt Tithíochta

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	82	175
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	Ní bhaineann leis seo	60
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	Ní bhaineann leis seo	66
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Ní bhaineann leis seo	49
Meántréimhse ama a thóg sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarradh eolas breise (i laethanta)	80.23	79
% na n-iarratas ceadaithe	89.02%	87.43%
% na n-iarratas diúltaithe	10.98%	12.57%
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh le hathú nó gan athrú	Ní bhaineann leis seo	67.86%
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	66.67%	32.14%

#### Eile: nach raibh gá le Measúnú um Thionchar Comhshaoil (EIA)

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	149	426
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine		274
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	Ní bhaineann leis seo	99
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Ní bhaineann leis seo	53
Meántréimhse ama a thóg sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarradh eolas breise (i laethanta)	73.67	76
% na n-iarratas ceadaithe	97.32%	95.31%
% na n-iarratas diúltaithe	2.68%	4.69%
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh le hathú nó gan athrú	Ní bhaineann leis seo	83.33%
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	0%	16.67%

#### Eile: a raibh gá le Measúnú Tionchair Chomhshaoil (EIA)

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	2	12
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	Ní bhaineann leis seo	1
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	Ní bhaineann leis seo	4
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Ní bhaineann leis seo	7
Meántréimhse ama a thóg sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarradh eolas breise (i laethanta)	76.5	90
% na n-iarratas ceadaithe	100%	75%
% na n-iarratas diúltaithe	0%	25%
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh le hathú nó gan athrú	Ní bhaineann leis seo	100%
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	0%	0%

	2004 Luach	2005 Luach
<b>P.2 Cur i bhfeidhm an dlí Pleanála</b>		
– líon iomlán na gcásanna de bhun gearán a dhéantar a iniúchadh	101	152
– líon iomlán na gcásanna de bhun gearán a caitheadh amach	3	4
– líon iomlán na gcásanna de bhun gearán a réitíodh trí idirbheartaíocht	Ní bhaineann leis seo	57
– líon na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh trí litreacha rabhaidh	113	77
– líon na n-imeachtaí forfheidhmiúcháin a rinneadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin	48	52
– líon na n-ionchúiseamh	20	11
<b>P.3 Uaireanta oscailte don phobal</b>		
– meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	34.38	34.38
<b>P.4 Comhairliúcháin</b>		
Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a réachtáladh	Ní bhaineann leis seo	250
Meántréimhse ama ó iarratas ar chomhairliúchán le pleanálaí údaráis áitiúil go dtí cruinniú foirmiúil le haghaidh comhairliúcháin réamhphleanála (i laethanta)	17.5	15
<b>P.5 Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu</b>		
	12	13.9

**Rec: Seirbhísí Áineasa****Rec.1 Líon na bpáirceanna súgartha do leanaí a chuirtear ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine**

– a chuir an t-údarás áitiúil ar fáil go díreach	0.03	0.06
– a d'éascaigh an t-údarás áitiúil	0.03	0.03

**Rec.2 Líon na gcuairteoirí ar áiseanna snámha éascaithe ag an údarás áitiúil in aghaidh gach 1,000 duine**

	2260	2298
--	------	------

**Rev: Bailiú Ioncaim****Rev.1 Cíos Tí**

(a) Méid airgid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite	89.3	90.5
<b>(b) Céatadán na riaráistí</b>		
(i) dlite le 4-6 seachtaine	6%	6%
(ii) dlite le 6-12 seachtaine	10%	12%
(iii) dlite le níos mó ná 12 seachtaine	78%	64%

**Rev.2 Iasachtaí Tithíochta**

(a) Méid airgid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid a bhí dlite	80.4	83.8
<b>(b) Céatadán na riaráistí</b>		
(i) dlite le mí amháin	8%	9%
(ii) dlite le 2-3 mhí	2%	3%
(iii) dlite le níos mó ná 3 mhí	86%	83%

**Rev.3 Rátaí Tráchtála**

Líon airgid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den airgead dlite	94.7	93.8
--	------	------

**Rev.4 Táillí Dramhaíola**

Céatadán na dteaghlach a d'íoc táillí ar dhramhaíl faoi dheireadh na bliana	Ní bhaineann le hábhar,	Ní ann do tháillí dramhaíola
---	-------------------------	------------------------------

**Rev.5 Táillí Uisce Neamhtheaghlaigh**

Líon airgid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid dlite	55.6	63.4
--	------	------

**R: Bóithre****R.1**

Dromchlaí bóithre áitiúla agus réigiúnacha a clúdaíodh in aghaidh na bliana (méadar cearnach)	402489	432169
Céatadán na ndromchlaí bóithre áitiúla agus réigiúnacha a clúdaíodh in aghaidh na bliana	6.52%	6.87%